2026/1183

3.6.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1183 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meitheamh 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta maidir le tionscnamh fabhair earraí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 25, an chéad mhír, pointe (c), agus Airteagal 66, an chéad mhír, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos, *inter alia*, na rialacha nós imeachta, dá dtagraítear in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ('an Cód'), chun bunú tionscnaimh fabhair earraí san Aontas a éascú. Agus deireadh na hidirthréimhse go dtí cur i bhfeidhm iomlán an chórais Onnmhaireoirí Cláraithe ('córas REX') faoi chuimsiú Chóras Ginearálaithe um Fhabhair ('GSP') an Aontais á chur san áireamh, an córas REX a leathnú chuig onnmhaireoirí an Aontais faoi chuimsiú chomhaontuithe saorthrádála an Aontais, na ceisteanna sonracha a tarraingíodh anuas faoi na forálacha atá i bhfeidhm faoi láthair nó a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a áireamh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, agus cur chun feidhme nósanna imeachta áirithe um chomhaontú Saorthrádála a éilíonn reachtaíocht ar leibhéal an Aontais, is gá na rialacha sin a leasú dá réir.

(2) Chun freastal ar an mbealach is fearr ar na hathruithe ar chur i bhfeidhm na rialacha nós imeachta a bhaineann le tionscnamh fabhair earraí, ba cheart an roinn maidir le tionscnamh fabhair a athstruchtúrú ina foranna le foranna nua a bhaineann le comhaontuithe fabhracha, le córas REX agus le GSP. Mar thoradh ar an athstruchtúrú sin, níor cheart athrú a dhéanamh ar fhoroinn 10 atá ann faoi láthair, a bhaineann le bearta trádála uathrialacha, agus ba cheart fo-alt 5 a dhéanamh di, agus ba cheart fo-ailt 11 agus 12 a athuimhriú mar fho-alt 6 agus fo-alt 7 faoi seach.

(3) Is gá sainmhínithe nua a thabhairt isteach don doiciméad maidir le tionscnamh, an comhaontú fabhrach, an soláthróir, an custaiméir agus an stádas tionscnaimh chun soiléireacht a bhaint amach maidir le cur i bhfeidhm na rialacha nós imeachta maidir le tionscnamh fabhair earraí.

(4) Chun tacú le rochtain agus bainistiú aonfhoirmeach ar na húdaruithe onnmhaireora fhormheasta san Aontas, ba cheart na forálacha atá ann faoi láthair maidir leis an údarú onnmhaireora formheasta a shimpliú agus a theorannú d'fhorálacha nós imeachta lasmuigh de na forálacha sin a shonraítear i gcomhaontuithe fabhracha.

(5) Chun a áirithiú go gcuirfear roghanna atá ar fáil don Aontas trí chomhaontuithe fabhracha chun feidhme go haonfhoirmeach ar fud na mBallstát, ba cheart forálacha nós imeachta a thabhairt isteach maidir le leithscaradh cuntasaíochta, glacadh le doiciméad maidir le tionscnamh le haghaidh il-lastais de tháirgí comhionanna, an díolúine ón oibleagáid doiciméid maidir le tionscnamh a sholáthar, glacadh nó forchur coinníollacha ar éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar eolas an allmhaireora agus an fhéidearthacht an ceanglas maidir le doiciméad maidir le tionscnamh a bheith sínithe ag an onnmhaireoir a tharscaoileadh.

(6) Chun an t-ualach riaracháin ar na húdaráis chustaim agus ar oibreoirí eacnamaíocha a theorannú, ba cheart athsholáthar doiciméad maidir le tionscnamh san Aontas a shimpliú agus a bhfíorú a éascú trí chomhar riaracháin a thabhairt isteach idir na Ballstáit.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

(7) Chun an tsolúbthacht a mhéadú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart feidhm a bheith ag an bhféidearthacht glacadh le doiciméid maidir le tionscnamh tar éis dhul in éag a dtréimhse bailíochta, mar atá infheidhme faoi láthair maidir le ráitis maidir le tionscnamh faoi rialacha scéim GSP an Aontais, maidir leis na doiciméid uile maidir le tionscnamh agus ba cheart creat dlíthiúil faoi seach a thabhairt isteach chun glacadh leis sin.

(8) Chun feabhas a chur ar an gcomhar riaracháin ar an iomlán, na ceanglais atá ann cheana maidir le fógra a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát faoi seach, mar atá infheidhme faoi láthair maidir leis an gcomhar riaracháin faoi rialacha scéim GSP an Aontais, ba cheart iad a bheith infheidhme maidir leis an gcomhar riaracháin le tríú tíortha faoi chomhaontuithe fabhracha agus i réimse na ndearbhuithe soláthraí.

(9) Chun nach méadófar an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar údaráis chustaim, ba cheart an tairseach EUR 6 000, ar féidir le honnmhaireoir nach onnmhaireoir cláraithe é doiciméad maidir le tionscnamh a chomhlánú suas go dtí an tairseach sin, a choinneáil d'onnmhaireoirí an Aontais agus d'onnmhaireoirí thíortha tairbhíocha GSP araon. Mar sin féin, i gcás ina luaitear go sainráite i gcomhaontú um thrádáil fhabhrach idir an tAontas agus tríú tír nach mór d'onnmhaireoirí a n-uimhir aitheantais a léiriú sa doiciméad maidir le tionscnamh go neamhspleách ar luach na n-earraí onnmhairithe, níor cheart d'onnmhaireoirí aon tairseach a úsáid. Thairis sin, chun trédhearcacht idirbheart a mhéadú agus chun faireachán níos fearr a cheadú, ba cheart d'onnmhaireoirí atá cláraithe san Aontas agus i dtíortha is tairbhithe GSP a n-uimhir aitheantais REX a léiriú i gcónaí ina ráitis maidir le tionscnamh agus dearbhuithe tionscnaimh, go neamhspleách ar luach na n-earraí a bhfuil an ráiteas nó an dearbhú tionscnaimh tarraingthe suas ina leith.

(10) Chun cuíchóiriú a dhéanamh ar na forálacha atá ann cheana maidir le honnmhaireoirí agus athchoinsíneoirí a chlárú i gcóras REX, ba cheart na forálacha sin a chomhdhlúthú i bhforoinn 2. Ba cheart raon feidhme chur i bhfeidhm chóras REX san Aontas a leagan amach san fhoroinn sin, lena n-áirítear an creat nós imeachta don chur i bhfeidhm sin, agus i dtríú tíortha, agus ba cheart forálacha maidir le foilsiú na sonraí atá i gcóras REX a chumhdach inti freisin. Na forálacha atá ann faoi láthair maidir le bunachar sonraí na n-onnmhaireoirí cláraithe a bhaineann leis na cearta rochtana ar an mbunachar sonraí agus leis an gcosaint sonraí, ba cheart iad a scriosadh toisc gurb ann dóibh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/512 ([3]) ón gCoimisiún.

(11) Chun tacú le cleachtas an fhaireacháin sna Ballstáit agus chun é a aontú, ba cheart foráil a chur isteach maidir le faireachán a dhéanamh ar onnmhaireoirí cláraithe san Aontas.

(12) Tar éis dheireadh an aistrithe ó úsáid dheimhniú tionscnaimh Fhoirm A go féindeimhniú le córas REX, ba cheart na forálacha maidir le rialacha nós imeachta tionscnaimh fhabhraigh chun críocha scéim GSP an Aontais, lena n-áirítear oibleagáidí na dtíortha tairbhíocha i ndáil le clárú i gcóras REX agus comhar riaracháin, a thabhairt cothrom le dáta agus a ghrúpáil i bhforoinn 3 nua.

(13) Chun feabhas a chur ar an maoirseacht agus ar an bhfaireachán a dhéanann na húdaráis inniúla ar na tíortha tairbhíocha, ba cheart na forálacha maidir le hoibleagáidí na n-onnmhaireoirí a chuíchóiriú, agus ba cheart oibleagáid shainráite a chur ar onnmhaireoirí cóipeanna nó liostaí de na ráitis maidir le tionscnamh atá tarraingthe suas acu a chur ar fáil d'údaráis inniúla na tíre tairbhíche.

(14) Chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin ar na húdaráis chustaim agus ar oibreoirí eacnamaíocha araon, ba cheart simpliú a dhéanamh ar na forálacha maidir le hinghlacthacht éilimh ar chóir fhabhrach taraife faoi scéim GSP an Aontais, chomh maith leis na forálacha maidir le ráitis tionscnaimh a ionadú.

(15) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus cóir chomhionann iarrataí ar fhíorú a neartú, ba cheart an fhoráil maidir le fíorú éileamh ar chóir fhabhrach taraife GSP a mhodhnú tríd an idirdhealú idir iarrataí atá bunaithe ar amhras réasúnach agus iarrataí randamacha a bhaint, i gcomhréir leis na comhaontuithe fabhracha a rinneadh le déanaí, agus ba cheart gach iarraidh a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca. Chun a áirithiú go leanfaidh onnmhaireoirí cláraithe dá n-oibleagáidí a chomhlíonadh, ba cheart d'údaráis inniúla na dtíortha is tairbhithe de GSP fíoruithe a dhéanamh ar stádas tionscnaimh táirgí agus rialuithe rialta a dhéanamh ar onnmhaireoirí cláraithe.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/512 ón gCoimisiún an 13 Márta 2025 maidir le socruithe teicniúla chun córais leictreonacha a fhorbairt, a chothabháil agus a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/512, 20.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/512/oj).

(16) Chun feabhas a chur ar an gcomhar riaracháin idir an tAontas, an Iorua agus an Eilvéis, is gá teorainneacha ama iomchuí a bhunú chun fíoruithe a dhéanamh san Aontas ar ráitis athsholáthair maidir le tionscnamh a tarraingíodh suas san Iorua nó san Eilvéis.

(17) Chun úsáid na rialacha faoi scéim GSP an Aontais a neartú, ba cheart na rialacha nós imeachta maidir le bainistiú clárúchán i dtír thairbhíoch a shimpliú tríd an tagairt do 'athchoinsíneoirí' a bhaint.

(18) Dá bhrí sin, chun tacú leis na rialacha cuíchóirithe, ba cheart Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 (Iarscríbhinní 22-02, 22-06, 22-08, 22-09 agus 22-16 go 22-19) a scriosadh, agus ba cheart Iarscríbhinní 22-06A, 22-07, 22-15 agus 22-20 a mhodhnú. Ba cheart Iarscríbhinn 22-06B nua a chur isteach.

(19) Chun nósanna imeachta custaim a nuachóiriú agus chun bainistiú slán agus éifeachtúil cruthúnas tionscnaimh a áirithiú, ba cheart lárchóras de Dheimhnithe leictreonacha um chruthúnas tionscnaimh (an córas Eorpach r-DCT) a bhunú. Ba cheart an córas sin a chur ar fáil do na Ballstáit agus, i gcás ina bhforáiltear dó i gcomhaontuithe fabhracha de chuid an Aontais, do thríú tíortha, chun próiseas iomlán leictreonach a chur in ionad na húsáide a bhaintear as deimhnithe páipéir faoi láthair. Is gá an córas Eorpach r-DCT a thabhairt isteach chun eisiúint, fíorú agus malartú cruthúnas tionscnaimh a chomhchuibhiú, chun slándáil idirbheart agus sonraí a fheabhsú, agus chun rialuithe barántúlachta a uathoibriú. Trí dhí-ábharú doiciméad a éascú, ba cheart don chóras sin foirmiúlachtaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin earraí a éascú freisin, agus ar an gcaoi sin nósanna imeachta custaim a shimpliú d'údaráis chustaim agus d'oibreoirí eacnamaíocha araon.

(20) Ba cheart don Choimisiún idirnascadh an chóras Eorpaigh r-DCT le córais chustaim náisiúnta a áirithiú trí Chóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX AE) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), chun malartú uathoibrithe faisnéise idir córais chustaim náisiúnta na mBallstát agus córas ríomh-DCF an Aontais a chumasú. Is é is aidhm don idirnasc na fíoruithe ar dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 sa chóras Eorpach r-DCT a chuíchóiriú le linn imréiteach custaim. Foráiltear le hAirteagal 17 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ([5]) go bhféadfaidh 'dhá Pháirtí Chonarthacha nó níos mó aontú eatarthu féin córas a bhunú lena gceadaítear cruthúnais tionscnaimh a liostaítear i mír 1 a eisiúint go leictreonach agus/nó a chur isteach go leictreonach. An 7 Nollaig 2023, ghlac an Comhchoiste Uile-Eora-Mheánmhara rialacha tionscnaimh athbhreithnithe faoi Choinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara le dáta cur chun feidhme an 1 Eanáir 2025. Chun an t-aistriú sin a éascú, ba cheart don Choimisiún an córas Eorpach r-DCT a bhunú, lena n-áiritheofar go gcuirfear an deimhniú leictreonach tionscnaimh chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha íosta le haghaidh deimhnithe leictreonacha arna nglacadh ag an gComhchoiste.

(21) Chun an dearbhú soláthraí a oiriúnú do shlabhraí táirgeachta agus soláthair iarbhír agus do cheanglais a bhaineann le bunú tionscnaimh fhabhraigh ag onnmhaireoirí agus lena fhíorú ag údaráis chustaim, ba cheart an dearbhú soláthraí a bheith bunaithe ar liosta eilimintí sonraí caighdeánaithe agus códaithe, lena n-éascófaí a malartú agus a bpróiseáil leictreonach idir soláthróirí agus onnmhaireoirí. I ndáil le dearbhuithe soláthraí a fhíorú, ba cheart an próiseas a chuíchóiriú trí chomhar riaracháin amháin a chur i bhfeidhm idir údaráis chustaim na mBallstát.

(22) Chun dóthain ama a thabhairt d'údaráis chustaim na mBallstát ullmhú do na hathruithe ar na forálacha a bhaineann leis an dearbhú soláthraí, ba cheart cur i bhfeidhm na bhforálacha sin a chur siar.

(23) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú dá réir sin.

(24) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

([4]) Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2399/oj).

([5]) IO L 54, 26.2.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/94(1)/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 60:

'*Airteagal 60*

Sainmhínithe

Chun críocha na Roinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 37 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

Chun críocha na Roinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "doiciméad maidir le tionscnamh" doiciméad lena sonraíonn údarás inniúil, onnmhaireoir nó athchoinsíneoir go meastar gur táirge tionscnaimh é táirge chun críoch comhaontaithe fhabhraigh;

(2) ciallaíonn "comhaontú fabhrach" comhaontú trádála lena gcuireann an tAontas na bearta fabhracha taraife dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (d), nó Airteagal 56(2), pointe (e), den Chód i bhfeidhm:';

(2) cuirtear na pointí (3), (4) agus (5) seo a leanas le hAirteagal 60:

'(3) ciallaíonn "soláthróir" duine atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, a sholáthraíonn faisnéis do chustaiméir maidir le stádas tionscnaimh earraí chun críoch comhaontú fabhrach amháin nó níos mó;

(4) ciallaíonn "custaiméir" duine atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais agus a fhaigheann dearbhú soláthraí;

(5) ciallaíonn "stádas tionscnaimh", chun críocha an dearbhaithe soláthraí, stádas earraí a bhfuil tionscnamh fabhair acu nó nach bhfuil.';

(3) i dTeideal II, Caibidil 2, Roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhoroinn 1:

'Foroinn 1

Rialacha nós imeachta tionscnaimh chun cur chun feidhme comhaontuithe fabhracha san Aontas a éascú';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 61:

'*Airteagal 61*

Dearbhuithe an tsoláthraí

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. I gcás ina soláthraíonn soláthróir faisnéis do chustaiméir maidir le stádas tionscnaimh earraí chun críocha comhaontú fabhrach amháin nó níos mó, déanfaidh an soláthróir amhlaidh trí bhíthin dearbhú soláthraí.

2. Sa dearbhú soláthraí beidh na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn 22-15 agus comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar síos san Iarscríbhinn sin. Féadfaidh feidhm a bheith ag dearbhú soláthraí maidir leis an méid seo a leanas:

(a) coinsíneacht amháin d'earra amháin nó níos mó; nó

(b) ilchoinsíneachtaí d'earra comhionann amháin nó níos mó a soláthraíodh le linn tréimhse áirithe ama.

3. Féadfaidh an soláthróir an dearbhú soláthraí a sholáthar tráth ar bith, fiú tar éis na hearraí a sholáthar.

Féadfar an dearbhú soláthraí a tharraingt suas agus a mhalartú ar aon mhodh a mheasann an soláthróir agus an custaiméir a bheith iomchuí, lena n-áirítear úsáid a bhaint as teicnící próiseála sonraí leictreonacha.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 15 agus ag Airteagal 51(1) den Chód maidir leis an dearbhú soláthraí agus aon doiciméad tacaíochta a ghabhann leis.

5. Cuirfidh an soláthróir an custaiméir ar an eolas láithreach i gcás ina bhfuil an dearbhú soláthraí mícheart nó nach bhfuil sé infheidhme a thuilleadh i ndáil le roinnt coinsíneachtaí earraí nó i ndáil leis na coinsíneachtaí earraí uile a chumhdaítear leis an dearbhú sin, a sholáthraítear nó atá le soláthar.';

(5) Scriostar Airteagal 62 go hAirteagal 65:

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 66:

'*Airteagal 66*

Dearbhuithe soláthróirí a fhíorú

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Na húdaráis chustaim atá freagrach san áit ina bhfuil an soláthróir bunaithe, tabharfar de chumhacht dóibh, i gcás inarb iomchuí, na dearbhuithe soláthróra arna dtarraingt suas ag an soláthróir sin a fhíorú.

2. Údaráis chustaim Ballstáit, atá freagrach san áit ina bhfuil an custaiméir bunaithe, féadfaidh siad cúnamh a iarraidh ó údaráis chustaim Ballstáit eile atá freagrach san áit ina bhfuil an soláthróir bunaithe, chun cruinneas an dearbhaithe soláthraí a fhíorú agus a dheimhniú chun críocha an chomhaontaithe fhabhraigh lena mbaineann.

Seolfaidh na húdaráis chustaim iarrthacha an fhaisnéis agus na doiciméid uile atá ar fáil chuig na húdaráis chustaim iarrtha agus tabharfaidh siad na cúiseanna atá lena n-iarraidh ar fhíorú.

Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim iarrthacha tráth nach déanaí ná 120 lá ó dháta na hiarrata ar fhíorú. I gcás nach bhfaighfear aon fhreagra laistigh den teorainn ama sin, nó i gcás nach leor an fhaisnéis atá sa fhreagra chun a dheimhniú gur chomhlíon an soláthróir a oibleagáidí faoi Airteagal 61(2) agus (5) maidir leis an dearbhú soláthraí lena mbaineann, déanfar neamhaird den dearbhú sin chun stádas tionscnaimh na n-earraí lena mbaineann a chinneadh.';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 67 go 112:

'*Airteagal 67*

Údarú onnmhaireora fhormheasta

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. I gcás ina bhforáiltear i gcomhaontú fabhrach gur onnmhaireoir formheasta a tharraingíonn suas doiciméad maidir le tionscnamh, féadfaidh onnmhaireoirí atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais iarratas a dhéanamh ar údarú mar onnmhaireoir formheasta chun an doiciméad sin a tharraingt suas, gan dochar d'aon díolúine ón ngá atá le húdarú a leagtar amach sa chomhaontú sin.

2. Airteagal 11(1), pointe (d), agus Airteagail 16, 17 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 maidir leis na coinníollacha chun glacadh le hiarratais agus chun cinntí a chur ar fionraí, agus Airteagail 10 agus 15 den Rialachán seo maidir le modhanna leictreonacha a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil agus maidir le cinntí fabhracha a bhaineann le hiarratais agus cinntí a chúlghairm, ní bheidh feidhm acu maidir le cinntí a bhaineann le húdaruithe onnmhaireora fhormheasta.

3. Ní dheonófar údaruithe onnmhaireora fhormheasta ach amháin do dhaoine a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sna forálacha maidir le tionscnamh a bhaineann leis na comhaontuithe fabhracha lena mbaineann.

4. Deonóidh na húdaráis chustaim don onnmhaireoir formheasta dá dtagraítear i mír 2, uimhir údarúcháin chustaim a bheidh le feiceáil, nuair a cheanglófar sin, ar na doiciméid maidir le tionscnamh. Tosóidh an uimhir údarúcháin chustaim le cód tíre ISO 3166-1-alpha-2 an Bhallstáit a eisíonn an t-údarú, mar a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún ([1]) (*).

Foroinn 2

Onnmhaireoirí agus athchoinsíneoirí a chlárú i gcóras REX

Airteagal 68

Córas leictreonach a bhaineann le clárú onnmhaireoirí agus athchoinsíneoirí san Aontas (córas REX)

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. I gcás ina bhfuil comhaontú fabhrach ag an Aontas lena gceanglaítear ar onnmhaireoir doiciméad maidir le tionscnamh a chomhlánú i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais, clárófar onnmhaireoir an Aontais i gcóras REX.

1a. Chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil a bhaineann le hiarratais agus cinntí a bhaineann le honnmhaireoirí agus athchoinsíneoirí earraí a chlárú san Aontas chun críocha comhaontuithe fabhracha, úsáidfear an córas REX dá dtagraítear in Airteagail 80 go 92 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/512 ón gCoimisiún (**).

2. Chun críocha an Airteagail seo, ní bheidh feidhm ag Airteagail 11(1)(d), 16, 17 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 maidir leis na coinníollacha chun glacadh le hiarratais agus chun cinntí a chur ar fionraí agus Airteagail 10(1) agus 15 den Rialachán seo. Ní dhéanfar iarratais ná cinntí a bhaineann leis an Airteagal seo a mhalartú ná a stóráil i gcóras leictreonach faisnéise agus cumarsáide mar a leagtar síos in Airteagal 10 den Rialachán seo.

2a. Chun críche carnadh déthaobhach faoi scéim an Chórais Ghinearálaithe um Fhabhair (GSP) de chuid an Aontais, clárófar onnmhaireoir an Aontais i gcóras REX.

4. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 2, i gcás nach sonraítear sa chomhaontú fabhrach is infheidhme aon tairseach luacha ar faoina bun a fhéadfaidh onnmhaireoir nach onnmhaireoir cláraithe é doiciméad maidir le tionscnamh a chomhlánú, is é EUR 6 000 an tairseach luacha a bheidh ann le haghaidh gach coinsíneachta. Mar sin féin, i gcás ina bhforáiltear go sainráite i gcomhaontú um thrádáil fhabhrach idir an tAontas agus tríú tír nach mór d'onnmhaireoirí a n-uimhir aitheantais a léiriú sa doiciméad maidir le tionscnamh go neamhspleách ar luach na n-earraí onnmhairithe, ní bheidh feidhm ag aon tairseach luacha.

8. Déanfaidh onnmhaireoirí de chuid an Aontais atá cláraithe sa chóras REX a n-uimhir REX a chur in iúl i gcónaí sna doiciméid maidir le tionscnamh a tharraingíonn siad suas le haghaidh táirgí tionscnaimh, gan beann ar a luach.

9. Chun críocha Airteagal 69, clárófar an t-onnmhaireoir nó an t-athchoinsíneoir sa chóras REX.

10. Tá an clárú dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 bailí freisin chun críocha comhaontuithe fabhracha eile de chuid an Aontais lena bhforáiltear don cheanglas céanna a mbeidh an t-onnmhaireoir cláraithe ina leith i gcóras REX.

Airteagal 68a

Córas leictreonach a bhaineann le clárú onnmhaireoirí i dtríú tíortha (córas REX)

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Chun faisnéis a bhaineann le hiarratais agus cinntí a bhaineann le honnmhaireoirí earraí a chlárú i dtríú tír chun críocha comhaontuithe fabhracha a mhalartú agus a stóráil, úsáidfear córas REX.

2. Chun críocha scéim GSP an Aontais, clárófar onnmhaireoir i dtír thairbhíoch i gcóras REX, i gcomhréir le hAirteagal 80, chun go mbeidh sé in ann ráitis tionscnaimh a tharraingt suas le haghaidh táirgí tionscnaimh arna gcoinsíniú, i gcás inar mó a luach iomlán ná EUR 6 000.

3. Cuirfidh onnmhaireoirí cláraithe a n-uimhir REX in iúl i gcónaí sna ráitis maidir le tionscnamh a tharraingíonn siad suas le haghaidh táirgí tionscnaimh, gan beann ar a luach.

4. I gcás ina bhfuil comhaontú fabhrach ag an Aontas lena gceanglaítear ar onnmhaireoir doiciméad maidir le tionscnamh a chomhlánú i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an tríú tír, agus ina gcinneann an tríú tír sin córas REX a úsáid chun na críche sin, clárófar onnmhaireoir sa tríú tír i gcóras REX.

5. I gcás ina gcinneann tríú tír córas REX a úsáid chun críoch a scéime GSP, déanfar onnmhaireoir sa tríú tír sin nó onnmhaireoir i dtír thairbhíoch de scéim GSP an tríú tír sin a chlárú i gcóras REX.

6. Tá an clárú dá dtagraítear i míreanna 2, 4 agus 5 bailí freisin chun críocha comhaontuithe fabhracha eile lena n-áirítear an ceanglas céanna a mbeidh an t-onnmhaireoir cláraithe ina leith i gcóras REX.

7. Chun críocha an Airteagail seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 11(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 maidir leis na coinníollacha chun glacadh le hiarratais, ná ag Airteagal 10(1) den Rialachán seo.

Airteagal 68b

Rialacha nós imeachta maidir le roghanna a fhágtar faoin Aontas trí chomhaontuithe fabhracha a chur chun feidhme

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. I gcás ina bhforáiltear le comhaontú fabhrach go bhféadfaí réamhúdarú a fháil chun leithscaradh cuntasaíochta a úsáid, ní cheanglófar an t-údarú sin san Aontas.

2. I gcás ina bhforáiltear i gcomhaontú fabhrach go bhféadfaí glacadh le doiciméad maidir le tionscnamh le haghaidh il-lastais de tháirgí comhionanna, glacfar leis an doiciméad sin san Aontas i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe fhabhraigh sin.

3. I gcás ina bhforáiltear le comhaontú fabhrach go bhféadfaí glacadh le coinníollacha maidir le héileamh ar chóir fhabhrach taraife atá bunaithe ar eolas an allmhaireora, nó coinníollacha a fhorchur maidir leis an éileamh sin, glacfar leis an éileamh sin san Aontas i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe fhabhraigh sin.

Údaráis chustaim Ballstáit, atá freagrach san áit ina ndéantar an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar eolas an allmhaireora, féadfaidh siad cúnamh a iarraidh ar údaráis chustaim Ballstáit eile, atá freagrach san áit ina bhfuil an t-allmhaireoir bunaithe, chun tionscnamh fabhair na n-earraí lena mbaineann a fhíorú. Seolfaidh na húdaráis chustaim iarrthacha an fhaisnéis agus na doiciméid uile atá ar fáil chuig na húdaráis chustaim iarrtha agus tabharfaidh siad na cúiseanna atá lena n-iarraidh ar fhíorú. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim iarrthacha tráth nach déanaí ná 120 lá ó dháta na hiarrata ar fhíorú. I gcás nach bhfaighfear aon fhreagra laistigh den teorainn ama sin, nó i gcás nach leor an fhaisnéis atá sa fhreagra chun tionscnamh fabhair na n-earraí a dheimhniú, féadfaidh na húdaráis chustaim iarrthacha an chóireáil fhabhrach taraife a dhiúltú.

4. I gcás ina bhforáiltear i gcomhaontú fabhrach go bhféadfaí táirgí tionscnaimh a dhíolmhú ón gceanglas doiciméad maidir le tionscnamh a sholáthar, agus a mhéid nach bhforáiltear do na coinníollacha maidir leis an díolúine sin sa chomhaontú fabhrach lena mbaineann, beidh feidhm ag an díolúine maidir le táirgí a sheoltar chuig an Aontas mar phacáistí beaga ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha, nach mó a luach iomlán ná EUR 500, agus maidir le táirgí ar cuid de bhagáiste pearsanta taistealaithe iad, nach mó a luach iomlán ná EUR 1 200, ar choinníoll:

(a) nach bhfuil na táirgí á n-allmhairiú lena dtrádáil, rud a chiallaíonn go bhfuil na hallmhairí ócáideach, nach bhfuil iontu ach táirgí lena n-úsáid go pearsanta ag na faighteoirí nó na taistealaithe nó a dteaghlaigh agus gur léir ó chineál agus ó chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chríoch thrádála beartaithe dóibh;

(b) gur dearbhaíodh go gcomhlíonann na táirgí na coinníollacha chun tairbhiú den chomhaontú fabhrach lena mbaineann;

(c) nach bhfuil aon amhras ann maidir le fírinneacht an dearbhaithe dá dtagraítear i bpointe (b).

5. I gcás ina bhforáiltear i gcomhaontú fabhrach go bhféadfaí an ceanglas a tharscaoileadh go síneodh an t-onnmhaireoir doiciméad maidir le tionscnamh, ní cheanglófar síniú den sórt sin san Aontas.

Airteagal 69

Doiciméid maidir le tionscnamh san Aontas a athsholáthar agus a fhíorú

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. I gcás nár scaoileadh táirgí tionscnaimh a chumhdaítear le doiciméad maidir le tionscnamh arna bhunú chun críocha comhaontú fabhrach i saorchúrsaíocht go fóill agus go bhfuil siad faoi mhaoirseacht chustaim san Aontas, féadfar doiciméad athsholáthair amháin maidir le tionscnamh nó níos mó a chur in ionad an doiciméid sin, chun na hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht laistigh den Aontas. Ní rachaidh bailíocht an doiciméid athsholáthair thar thréimhse bhailíochta an doiciméid ar cuireadh doiciméad eile ina ionad.

2. Féadfaidh onnmhaireoir cláraithe nó athchoinsíneoir atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais an doiciméad athsholáthair maidir le tionscnamh dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt suas, i bhfoirm ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh, agus comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn 22-20.

4. I gcás ina mbeidh éileamh ar chóir fhabhrach taraife, bunaithe ar dhoiciméad athsholáthair maidir le tionscnamh, faoi réir fíorú, agus má tá an t-onnmhaireoir nó an t-athchoinsíneoir cláraithe i mBallstát eile, féadfaidh údaráis chustaim an Bhallstáit ina scaoilfear na táirgí i saorchúrsaíocht a iarraidh ar údaráis chustaim Bhallstát cláraithe an onnmhaireora nó an athchoinsíneora an doiciméad tosaigh i dtaca le tionscnamh a chomhfhreagraíonn don doiciméad athsholáthair maidir le tionscnamh atá á fhíorú a sholáthar dóibh laistigh de 2 mhí ón iarraidh a fháil.

Déanfaidh na húdaráis chustaim iarrthacha an fíorú ar bhonn an doiciméid tosaigh maidir le tionscnamh, agus déanfaidh siad sin i gcomhréir le forálacha ábhartha an chomhaontaithe fhabhraigh lena mbaineann.

5. Beidh feidhm ag mír 1, mír 2 agus mír 4 freisin maidir le doiciméid athsholáthair maidir le tionscnamh.

Airteagal 69a

Tionscnamh fabhair táirgí próiseáilte a fhaightear ó earraí a bhfuil tionscnamh fabhair acu

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. I gcás ina gcuirtear earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a bhfuil tionscnamh fabhair acu faoi chomhaontú fabhrach faoin nós imeachta próiseála isteach, measfar go bhfuil an tionscnamh fabhair céanna ag na táirgí próiseáilte a fhaightear uathu nuair a scaoiltear i saorchúrsaíocht iad agus atá ag na hearraí sin.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le haon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) baineann an oibríocht phróiseála freisin le hearraí nach earraí de chuid an Aontais iad seachas na hearraí sin dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear earraí a bhfuil tionscnamh fabhair acu faoi chomhaontú fabhrach difriúil;

(b) faightear na táirgí próiseáilte ó earraí coibhéiseacha dá dtagraítear in Airteagal 223 den Chód;

(c) d'údaraigh na húdaráis chustaim ath-onnmhairiú sealadach na n-earraí le haghaidh tuilleadh próiseála i gcomhréir le hAirteagal 258 den Chód.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag mír 1, doiciméad maidir le tionscnamh a chuirtear le chéile le haghaidh na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta próiseála isteach, measfar gur doiciméad maidir le tionscnamh é a bhunaítear le haghaidh na dtáirgí próiseáilte.

Airteagal 70

Oibleagáid ar thíortha is tairbhithe comhar riaracháin a sholáthar

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. D'fhonn cur i bhfeidhm cuí scéim GSP a áirithiú, gabhfaidh na tíortha is tairbhithe orthu féin an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na struchtúir agus na córais riaracháin is gá a chur ar bun agus a choinneáil ar bun chun na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagail 41 go 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus san Fhoroinn seo a chur chun feidhme agus a bhainistiú sa tír sin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na comhaontuithe is gá chun carnadh a chur i bhfeidhm;

(b) a áirithiú go gcomhoibreoidh a n-údaráis inniúla leis an gCoimisiún agus le húdaráis chustaim na mBallstát.

2. Is éard a bheidh sa chomhar dá dtagraítear i mír 1, pointe (b):

(a) an tacaíocht uile is gá a chur ar fáil i gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún go ndéanfaidh sé faireachán ar bhainistiú cuí na scéime GSP sa tír lena mbaineann, lena n-áirítear an Coimisiún nó údaráis chustaim na mBallstát ag tabhairt cuairteanna fíorúcháin ar an láthair;

(b) gan dochar d'Airteagail 106 agus 108, comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 41 go 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus san Fhoroinn seo a fhíorú, lena n-áirítear cuairteanna ar an láthair, arna iarraidh sin don Choimisiún nó d'údaráis chustaim na mBallstát.

4. I gcás inar baineadh tír thairbhíoch d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) leanfaidh na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, san Airteagal seo agus in Airteagal 72, Airteagal 80, Airteagal 87(1) agus Airteagal 108 den Rialachán seo d'fheidhm a bheith acu maidir leis an tír sin ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta a baineadh den Iarscríbhinn sin í.

Airteagal 70a

Glacadh le doiciméid maidir le tionscnamh tar éis dá dtréimhse bhailíochta dul in éag

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Féadfaidh údaráis chustaim na mBallstát glacadh le doiciméad maidir le tionscnamh a bhfuil a thréimhse bailíochta imithe in éag mar bhonn le héileamh ar chóir fhabhrach taraife, má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) gur tíolacadh na táirgí a chumhdaítear leis an doiciméad maidir le tionscnamh do lucht custaim roimh an dáta a rachaidh bailíocht an doiciméid in éag tráth a stórála sealadaí nó tráth a gcuirfear faoi na nósanna imeachta speisialta um idirthuras seachtrach, um próiseáil isteach, um stórasú custaim, um chead isteach sealadach nó um shaorchrios iad;

(b) gur féidir le húdaráis chustaim na mBallstát an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife a fhíorú.

2. Chun críocha mhír 1:

(a) beidh an doiciméad maidir le tionscnamh i seilbh an dearbhóra don stóráil shealadach nó don nós imeachta speisialta agus beidh sé cláraithe go cuí i dtaifid an dearbhóra;

(b) sa dearbhú maidir leis na táirgí a scaoileadh i saorchúrsaíocht, déanfar tagairt don doiciméad maidir le tionscnamh a bhaineann leis na táirgí sin a bheith á stóráil go sealadach nó curtha faoin nós imeachta speisialta;

(c) léireofar an tír thionscnaimh fhabhrach agus tagairtí an doiciméid maidir le tionscnamh, nó féadfar iad a léiriú, de réir mar is iomchuí, sa dearbhú custaim le haghaidh an nós imeachta speisialta a chuirtear i bhfeidhm, i gcomhréir leis na comhcheanglais sonraí a leagtar síos in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 le haghaidh an dearbhaithe custaim sin;

(d) nach féidir an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife a dhéanamh níos mó ná dhá bhliain tar éis dháta eisiúna nó dháta tarraingthe suas an doiciméid maidir le tionscnamh.

3. Féadfaidh údaráis chustaim na mBallstát glacadh le doiciméad maidir le tionscnamh a bhfuil a thréimhse bailíochta imithe in éag mar bhonn le héileamh ar chóir fhabhrach taraife i gcúinsí seachas na cúinsí a gcuirtear síos orthu i mír 1, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa chomhaontú fabhrach ar chun na gcríoch sin ar cuireadh an doiciméad sin le chéile.

Airteagal 72

Oibleagáid ar thíortha is tairbhithe fógra a thabhairt dá n-údaráis inniúla

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Tabharfaidh na tíortha is tairbhithe fógra don Choimisiún maidir le hainmneacha, seoltaí agus sonraí teagmhála na n-údarás atá lonnaithe ina gcríoch:

(a) cuid d'údaráis rialtais na tíre lena mbaineann nó a ghníomhaíonn faoi údarás rialtas na tíre sin, agus atá inniúil chun onnmhaireoirí a chlárú i gcóras REX, agus chun sonraí clárúcháin a mhodhnú agus a nuashonrú agus clárúcháin a chúlghairm;

(b) cuid d'údaráis rialtais na tíre lena mbaineann agus atá freagrach as an gcomhar riaracháin leis an gCoimisiún agus le húdaráis chustaim na mBallstát a áirithiú mar a fhoráiltear in Airteagail 41 go 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus san Fhoroinn seo.

3. Cuirfidh na tíortha is tairbhithe an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar an bhfaisnéis ar tugadh fógra ina leith de bhun mhír 1.

Airteagal 80

Onnmhaireoirí i dtír thairbhíoch a chlárú i gcóras REX

(Airteagal 64(1) den Chód)

2. Déanfaidh údaráis inniúla tíre tairbhíche, tar éis dóibh an fhoirm iarratais chomhlánaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn 22-06B a fháil, uimhir onnmhaireora chláraithe a shannadh gan mhoill don onnmhaireoir agus iontrálfaidh siad sa chóras REX an uimhir sin, na sonraí clárúcháin agus an dáta óna mbeidh an clárú bailí i gcomhréir le hAirteagal 86a(3).

I gcás ina measfaidh údaráis inniúla tíre tairbhíche go bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh san iarratas neamhiomlán, cuirfidh siad an t-onnmhaireoir ar an eolas faoi sin gan mhoill.

Cuirfidh údaráis inniúla tíre tairbhíche an t-onnmhaireoir ar an eolas faoin uimhir onnmhaireora chláraithe a sannadh ar an onnmhaireoir sin agus faoin dáta óna mbeidh an clárú bailí.

4. Coinneoidh údaráis inniúla tíre tairbhíche na sonraí atá cláraithe acu cothrom le dáta. Modhnóidh siad na sonraí sin láithreach tar éis don onnmhaireoir cláraithe iad a chur ar an eolas faoi aon athrú orthu i gcomhréir le hAirteagal 89a(1). Cuirfidh údaráis inniúla tíre tairbhíche an t-onnmhaireoir cláraithe ar an eolas faoin modhnú ar a shonraí clárúcháin.

Ní cheanglófar ar onnmhaireoirí i dtír thairbhíoch a bheith cláraithe sa chóras REX chun ráitis tionscnaimh a tharraingt suas le haghaidh táirgí tionscnaimh arna gcoinsíniú i gcás nach mó a luach iomlán ná EUR 6 000 ón dáta óna gcuirfidh an tír thairbhíoch clárú onnmhaireoirí i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 87.

Airteagal 82

Sonraí clárúcháin a fhoilsiú

(Airteagal 64(1) den Chód)

7. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí seo a leanas ar fáil don phobal ar choinníoll go bhfuil toiliú tugtha ag an onnmhaireoir mar a shonraítear i mbosca 6 d'Iarscríbhinn 22-06A nó in Iarscríbhinn 22-06B, de réir mar is infheidhme:

(a) ainm an onnmhaireora chláraithe nó an athchoinsíneora mar a shonraítear i mbosca 1 d'Iarscríbhinn 22-06A nó d'Iarscríbhinn 22-06B, de réir mar is iomchuí;

(b) seoladh na háite ina bhfuil an t-onnmhaireoir cláraithe nó an t-athchoinsíneoir cláraithe bunaithe mar a shonraítear i mbosca 1 d'Iarscríbhinn 22-06A nó in Iarscríbhinn 22-06B, de réir mar is iomchuí;

(c) sonraí teagmhála an onnmhaireora chláraithe nó an athchoinsíneora mar a shonraítear i mboscaí 1 agus 2 d'Iarscríbhinn 22-06A nó in Iarscríbhinn 22-06B, de réir mar is iomchuí;

(d) uimhir EORI an onnmhaireora chláraithe nó an athchoinsíneora mar a shonraítear i mbosca 1 d'Iarscríbhinn 22-06A, nó uimhir aitheantais trádálaí (TIN) an onnmhaireora chláraithe mar a shonraítear i mbosca 1 d'Iarscríbhinn 22-06B;

(e) an ghníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag an onnmhaireoir cláraithe nó ag an athchoinsíneoir, mar a shonraítear i mbosca 3 d'Iarscríbhinn 22-06A nó in Iarscríbhinn 22-06B, de réir mar is iomchuí;

(f) tuairisc ar na hearraí a bhféadfaidh an t-onnmhaireoir cláraithe nó an t-athchoinsíneoir doiciméad maidir le tionscnamh nó doiciméid athsholáthair maidir le tionscnamh a tharraingt suas ina leith, lena n-áirítear liosta táscach de cheannteidil nó de chaibidlí an Chórais Chomhchuibhithe, mar a shonraítear i mbosca 4 d'Iarscríbhinn 22-06A nó in Iarscríbhinn 22-06B, de réir mar is iomchuí;

Ní bheidh easpa sínithe i mbosca 6 d'Iarscríbhinn 22-06A nó Iarscríbhinn 22-06B, de réir mar is infheidhme, ina cúis le diúltú an t-onnmhaireoir a chlárú;

8. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí seo a leanas ar fáil don phobal i gcónaí:

(a) Uimhir REX an onnmhaireora nó an athchoinsíneora;

(b) dáta clárúcháin an onnmhaireora chláraithe nó an athchoinsíneora;

(c) an dáta óna mbeidh an clárú bailí;

(d) dáta chúlghairm an chlárúcháin i gcás inarb infheidhme;

(e) faisnéis i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag an gclárú sa tír thairbhíoch de GSP freisin maidir le honnmhairí chuig an Iorua, chuig an Eilvéis nó chuig an Tuirc faoi scéimeanna GSP na dtíortha sin;

(f) dáta an tsioncrónaithe dheireanaigh idir córas REX agus an suíomh gréasáin poiblí ar a bhfoilsítear na sonraí.

Airteagal 82a

Faireachán ar chlárú san Aontas

(Airteagal 23(5) den Chód)

Gan dochar d'Airteagal 23(5), an tríú habairt, den Chód, déanfaidh na húdaráis chustaim faireachán ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as a gclárú ag onnmhaireoirí agus athchoinsíneoirí cláraithe de chuid an Aontais, trí mhodhanna agus ag eatraimh a chinnfear ar bhonn anailís riosca.

Airteagal 84

Údaráis chustaim na mBallstát atá freagrach as tionscnamh fabhair a fhíorú agus comhar riaracháin a áirithiú

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi ainmneacha, seoltaí agus sonraí teagmhála a n-údarás custaim atá i gceannas ar an méid seo a leanas:

(a) tionscnamh fabhair earraí a fhíorú;

(b) comhar riaracháin a áirithiú le húdaráis chustaim na mBallstát eile, i gcomhréir le hAirteagal 66, Airteagal 68b(3), an dara fomhír, agus Airteagal 69(3);

(c) comhar riaracháin a áirithiú le húdaráis inniúla tríú tíortha, a bhfuil comhaontuithe fabhracha ag an Aontas leo lena bhforáiltear do mhalartú na faisnéise sin leis na tíortha sin;

(d) onnmhaireoirí agus athchoinsíneoirí earraí a chlárú i gcóras REX, sonraí clárúcháin a mhodhnú agus a nuashonrú agus clárú a chúlghairm.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi aon athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1.

3. Cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas ar fáil;

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), do na Ballstáit eile;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), do na tríú tíortha lena mbaineann.

Airteagal 86

An nós imeachta maidir le clárú san Aontas

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Chun bheith cláraithe sa chóras REX, déanfaidh onnmhaireoir nó athchoinsíneoir earraí atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais iarratas a thaisceadh leis na húdaráis chustaim inniúla. Déanfar an t-iarratas trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn 22-06A, agus comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

1a. Sannfaidh na húdaráis chustaim inniúla uimhir don onnmhaireoir nó don athchoinsíneoir earraí agus iontrálfaidh siad an uimhir sin, na sonraí clárúcháin agus an dáta a ghlactar leis an iarratas dá dtagraítear i mír 1 sa chóras REX. Beidh an clárú bailí ón dáta glactha sin.

2. Féadfaidh ionadaí custaim atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, ag gníomhú dó ina ainm féin nó thar ceann duine amháin nó níos mó, iarratas a dhéanamh ar chlárú sa chóras REX. I gcás ina bhfuil an t-ionadaí agus an duine a bhfuil ionadaíocht á déanamh dó araon cláraithe, úsáidfidh an t-ionadaí uimhir an onnmhaireora chláraithe nó an athchoinsíneora an duine a bhfuil ionadaíocht á déanamh dó.

4. Coimeádfaidh na húdaráis chustaim inniúla na sonraí a chláróidh siad cothrom le dáta. Modhnóidh siad na sonraí sa chóras REX díreach tar éis don onnmhaireoir nó don athchoinsíneoir cláraithe iad a chur ar an eolas faoi aon athrú orthu i gcomhréir le hAirteagal 89(1). Cuirfidh na húdaráis chustaim inniúla an t-onnmhaireoir cláraithe nó an t-athchoinsíneoir ar an eolas faoin modhnú ar a shonraí clárúcháin.

Airteagal 86a

Iarratas ar onnmhaireoirí chun clárú i dtír thairbhíoch

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Chun clárú sa chóras REX, déanfaidh onnmhaireoir iarratas a thaisceadh le húdaráis inniúla na tíre tairbhíche ina bhfuil a cheanncheathrú aige nó ina bhfuil an t-onnmhaireoir sin bunaithe go buan.

Beidh san iarratas na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn 22-06B, agus comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

2. Chun críocha onnmhairí faoi scéimeanna GSP an Aontais, na hIorua, na hEilvéise nó na Tuirce, ní cheanglófar ar onnmhaireoirí clárú ach aon uair amháin.

Sannfaidh údaráis inniúla na tíre tairbhíche uimhir onnmhaireora chláraithe don onnmhaireoir d'fhonn í a onnmhairiú faoi scéimeanna GSP an Aontais, na hIorua, na hEilvéise agus na Tuirce, a mhéid a aithníonn na tíortha sin an tír a ndearnadh an clárú mar thír thairbhíoch ina leith.

3. Beidh an clárú bailí ón dáta a gheobhaidh údaráis inniúla tíre tairbhíche iarratas iomlán ceart ar chlárú, i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 87

Cur i bhfeidhm chóras REX ag tíortha tairbhíocha

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin an dáta a thosóidh na tíortha tairbhíocha ar chóras REX a chur i bhfeidhm. Coimeádfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin cothrom le dáta.

2. Chun bheith i dteideal an córas REX dá dtagraítear in Airteagal 68a a chur i bhfeidhm, cuirfidh tír thairbhíoch an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin roimh an dáta a chuirfidh an tír thairbhíoch tús le clárú a honnmhaireoirí:

(a) an gnóthas dá dtagraítear in Airteagal 70(1);

(b) an gnóthas dá dtagraítear in Airteagal 72(1).

Airteagal 89

Clárú san Aontas a bhainistiú

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Cuirfidh onnmhaireoirí cláraithe nó athchoinsíneoirí na húdaráis inniúla custaim ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar an bhfaisnéis a chuir siad ar fáil chun críocha a gcláraithe.

2. Onnmhaireoirí cláraithe nó athchoinsíneoirí nach gcomhlíonann na coinníollacha a thuilleadh chun earraí a onnmhairiú faoi chomhaontuithe fabhracha nó chun earraí a athchoinsíniú, cuirfidh siad na húdaráis chustaim inniúla ar an eolas dá réir sin.

3. Gan dochar d'Airteagal 23(3) agus d'Airteagal 28(1) den Chód, cúlghairfidh na húdaráis chustaim inniúla clárú na n-onnmhaireoirí nó na n-athchoinsíneoirí cláraithe, más rud é:

(a) gur stop siad a ngníomhaíochtaí mar onnmhaireoirí cláraithe nó mar athchoinsíneoirí;

(b) nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha maidir le hearraí a onnmhairiú nó a athchoinsíniú;

(c) gur chuir siad in iúl do na húdaráis chustaim inniúla nach bhfuil sé beartaithe acu a thuilleadh earraí a onnmhairiú nó a athchoinsíniú;

(d) doiciméad maidir le tionscnamh a tharraingt suas arís agus arís eile, nó a chur faoi deara é a tharraingt suas arís agus arís eile; ar doiciméad é ina bhfuil faisnéis mhícheart agus as a bhfaightear cóir fhabhrach taraife go héagórach;

(e) nach gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí de bhun na gcomhaontuithe fabhair lena mbaineann.

4. Féadfaidh na húdaráis chustaim inniúla an clárú a chúlghairm má mhainníonn onnmhaireoirí nó athchoinsíneoirí cláraithe na sonraí a bhaineann lena gclárú a choinneáil cothrom le dáta.

8. Déanfar cúlghairm cláraithe a chealú i gcás cúlghairm mhícheart. Beidh onnmhaireoirí nó athchoinsíneoirí earraí i dteideal úsáid a bhaint as uimhreacha an onnmhaireora chláraithe nó an athchoinsíneora a shanntar dóibh ó dháta an chláraithe.

9. Féadfaidh onnmhaireoirí nó athchoinsíneoirí earraí ar cúlghaireadh a gclárú iarratas nua ar chlárú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 86. Onnmhaireoirí nó athchoinsíneoirí earraí ar cúlghaireadh a gclárú i gcomhréir le mír 3, pointí (d) agus (e), nó le mír 4 den Airteagal seo, ní fhéadfar iad a chlárú arís ach amháin má chruthaíonn siad d'údaráis chustaim an Bhallstáit a chláraigh iad gur leigheas siad an staid ba chúis le cúlghairm a gcláraithe.

Airteagal 89a

Clárúcháin a bhainistiú i dtír thairbhíoch

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Cuirfidh onnmhaireoirí cláraithe údaráis inniúla na tíre tairbhíche ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar an bhfaisnéis a chuir siad ar fáil chun críocha a gcláraithe.

2. Onnmhaireoirí cláraithe nach gcomhlíonann na coinníollacha a thuilleadh chun earraí a onnmhairiú faoi scéim GSP, nó nach bhfuil sé beartaithe acu a thuilleadh earraí a onnmhairiú faoi scéim GSP, cuirfidh siad údaráis inniúla na tíre tairbhíche ar an eolas dá réir sin.

3. Déanfaidh údaráis inniúla tíre tairbhíche clárú onnmhaireoirí cláraithe a chúlghairm más rud é, maidir leis na honnmhaireoirí cláraithe sin:

(a) nach ann dóibh a thuilleadh;

(b) nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha maidir le hearraí a onnmhairiú faoi scéim GSP;

(c) gur chuir siad in iúl d'údarás inniúil na tíre tairbhíche nach bhfuil sé beartaithe acu a thuilleadh earraí a onnmhairiú faoi scéim GSP;

(d) ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas arís agus arís eile, nó a chur faoi deara ráiteas den sórt sin a tharraingt suas arís agus arís eile, ar ráiteas é ina bhfuil faisnéis mhícheart agus as a dtagann tairbhe na córa fabhraí taraife go héagórach;

(e) nach n-urramaíonn siad a n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 91.

4. Féadfaidh údarás inniúil tíre tairbhíche an clárú a chúlghairm má theipeann ar onnmhaireoirí cláraithe na sonraí maidir lena gclárú a choinneáil cothrom le dáta.

5. Cuirfidh údarás inniúil tíre tairbhíche onnmhaireoirí cláraithe ar an eolas faoi chúlghairm a gcláraithe agus faoin dáta óna ngabhfaidh éifeacht leis an gcúlghairm.

6. Gabhfaidh éifeacht le cúlghairm cláraithe i ndáil le ráitis maidir le tionscnamh a tharraingeofar suas tar éis an dáta a cuireadh an t-onnmhaireoir cláraithe ar an eolas faoin gcúlghairm.

7. Beidh leigheas breithiúnach ar fáil d'onnmhaireoirí i gcás ina ndéantar a gclárú a chúlghairm.

8. Déanfar cúlghairm cláraithe a chealú i gcás cúlghairm mhícheart. Leanfaidh an t-onnmhaireoir de bheith i dteideal na huimhreacha onnmhaireora cláraithe a shanntar dó tráth an chláraithe a úsáid.

9. Féadfaidh onnmhaireoirí ar cúlghaireadh a gclárú iarratas nua a dhéanamh chun clárú i gcóras REX. Onnmhaireoirí ar cúlghaireadh a gclárú i gcomhréir le mír 3, pointe (d) nó mír 4, ní fhéadfaidh siad clárú arís ach amháin má chruthaíonn siad d'údaráis inniúla na tíre tairbhíche, a chláraigh iad, go bhfuil an staid ba chúis le cúlghairm a gcláraithe réitithe acu.

Airteagal 89b

Clárúcháin a bhainistiú nuair a bhaintear tír de liosta na dtíortha tairbhíocha nó nuair a aistarraingítear tír go sealadach ó liosta na dtíortha tairbhíocha nó nuair a chuirtear le liosta na dtíortha tairbhíocha nó nuair a thugtar isteach arís i liosta na dtíortha tairbhíocha í

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Scoirfidh gach clárú onnmhaireoirí i dtír thairbhíoch de bheith bailí faoi scéim GSP i gcás ina mbaintear an tír thairbhíoch de liosta na dtíortha tairbhíocha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 nó i gcás ina ndearnadh an chóir fhabhrach taraife a deonaíodh don tír thairbhíoch a aistarraingt go sealadach i gcomhréir leis an Rialachán sin maidir le gach táirge a onnmhairítear ón tír thairbhíoch sin.

Déanfaidh an Coimisiún gach clárúchán onnmhaireoirí i dtír thairbhíoch a chúlghairm i gcás ina mbaintear an tír thairbhíoch de liosta na dtíortha tairbhíocha de scéimeanna GSP an Aontais, na hIorua, na hEilvéise agus na Tuirce agus i gcás nach gcuireann an tír thairbhíoch córas REX i bhfeidhm i gcomhthéacs comhaontú fabhrach leis an Aontas.

2. I gcás ina gcuirtear tír thairbhíoch le liosta na dtíortha tairbhíocha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 nó i gcás ina dtugtar isteach an athuair í sa liosta sin, nó i gcás ina gcuirtear deireadh le haistarraingt shealadach na córa fabhraí taraife a deonaíodh don tír thairbhíoch, déanfaidh an Coimisiún clárúcháin na n-onnmhaireoirí uile atá cláraithe sa tír sin a ghníomhachtú nó a athghníomhachtú ar choinníoll go bhfuil sonraí clárúcháin na n-onnmhaireoirí ar fáil sa chóras agus go bhfuil siad fós bailí do scéim GSP na hIorua, na hEilvéise nó na Tuirce ar a laghad.

Foroinn 3

Rialacha nós imeachta tionscnaimh chun críocha scéim GSP an Aontais

Airteagal 91

Oibleagáidí onnmhaireoirí cláraithe

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Comhlíonfaidh onnmhaireoirí cláraithe na hoibleagáidí seo a leanas:

(a) coimeádfaidh siad taifid chuntasaíochta iomchuí a bhaineann le táirgeadh agus soláthar earraí atá cáilithe le haghaidh cóir fhabhrach taraife;

(b) coinneoidh siad an fhianaise uile atá ar fáil agus a bhaineann leis na hábhair a úsáideadh sa mhonarú;

(c) coinneoidh siad na doiciméid chustaim uile a bhaineann leis na hábhair a úsáideadh sa mhonarú;

(d) coinneoidh siad taifid ar na nithe seo a leanas go ceann 3 bliana ar a laghad ó dheireadh na bliana féilire inar tarraingíodh suas an ráiteas maidir le tionscnamh, nó níos faide má cheanglaítear é sin leis an dlí náisiúnta:

(i) na ráitis maidir le tionscnamh a tharraing siad suas;

(ii) na hábhair thionscnaimh agus neamhthionscnaimh, na cuntais táirgeachta agus na cuntais stoic;

(e) cuirfidh siad cóipeanna nó liosta de na ráitis maidir le tionscnamh a tharraing siad suas ar fáil d'údaráis inniúla na tíre tairbhíche.

2. Maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, beifear in ann na hábhair a úsáideadh le linn mhonarú na dtáirgí onnmhairithe a rianú agus a stádas tionscnaimh a dheimhniú. Féadfar an fhaisnéis a choinneáil i bhformáid leictreonach.

Airteagal 92

Forálacha ginearálta an ráitis maidir le tionscnamh

(Airteagal 64(1) den Chód)

3. Beidh na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn 22-07 sa ráiteas maidir le tionscnamh. Déanfar é a tharraingt suas i mBéarla, i bhFraincis nó i Spáinnis.

Féadfar é a tharraingt suas ar aon doiciméad lenar féidir an t-onnmhaireoir cláraithe lena mbaineann agus na táirgí lena mbaineann a shainaithint.

Ní bheidh ar an onnmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh a shíniú.

4. Beidh feidhm ag mír 3 maidir leis an méid seo a leanas freisin:

(a) ráitis maidir le tionscnamh arna dtarraingt suas san Aontas chun críche carnadh déthaobhach;

(b) ráitis maidir le tionscnamh arna dtarraingt suas san Aontas i ndáil le hearraí a onnmhairítear chuig tír thairbhíoch de scéimeanna GSP na hIorua, na hEilvéise nó na Tuirce chun críche carnadh le hábhair de thionscnamh an Aontais.

5. Déanfaidh onnmhaireoirí, a luaithe a chlárófar iad, ráitis maidir le tionscnamh a tharraingt suas le haghaidh na dtáirgí tionscnaimh uile a choinsínítear ón dáta óna mbeidh a gclárú bailí i gcomhréir le hAirteagal 86a(3), gan beann ar luach a gcoinsíneachta.

Airteagal 92a

Ceanglas ginearálta maidir le cóir fhabhrach taraife a éileamh faoi scéim GSP

(Airteagal 64(1) den Chód)

Gan dochar d'Airteagal 103, ráiteas maidir le tionscnamh lena léirítear go gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 41 go 58, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus san Fhoroinn seo, arna tharraingt suas ag onnmhaireoir cláraithe sa tír thairbhíoch is onnmhaireoir, nó ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh arna tharraingt suas ag athchoinsíneoir earraí atá cláraithe san Aontas nó san Iorua nó san Eilvéis, beidh ráiteas den chineál sin mar bhonn leis an éileamh ar chóir fhabhrach taraife faoi scéim GSP.

Airteagal 93

Ráiteas maidir le tionscnamh i gcás carnadh

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Chun tionscnamh fabhair na n-ábhar a úsáidtear faoi charnadh déthaobhach, faoi charnadh réigiúnach nó faoi charnadh leis an Iorua, leis an Eilvéis nó leis an Tuirc a shuí, onnmhaireoir cláraithe táirge a mhonaraítear trí úsáid a bhaint as ábhair de thionscnamh tíre lena gceadaítear carnadh, beidh sé ag brath ar an ráiteas maidir le tionscnamh arna sholáthar ag onnmhaireoir cláraithe na n-ábhar sin.

2. Chun tionscnamh fabhair na n-ábhar a úsáidtear faoi chuimsiú an charntha leathnaithe a shuí, onnmhaireoir cláraithe táirge a mhonaraítear trí úsáid a bhaint as ábhair de thionscnamh tríú tír lena gceadaítear carnadh sínte, beidh sé ag brath ar an doiciméad maidir le tionscnamh a chuir onnmhaireoir na n-ábhar sin ar fáil ar choinníoll gur eisíodh nó gur tarraingíodh suas an doiciméad sin i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe saorthrádála ábhartha idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann.

3. Sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh ceann amháin de na tásca seo a leanas sa ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingeoidh onnmhaireoir cláraithe an táirge suas: “Carnadh le tír/tíortha x/y”, “Cumul avec le(s) pays x/y”, “Acumulación con el(los) país(paeses) x/y”.

4. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh údaráis inniúla na tíre tairbhíche ina n-úsáidtear na hábhair na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 106 i bhfeidhm chun tionscnamh fabhair na n-ábhar sin a fhíorú.

Sna cásanna dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh údaráis inniúla na tíre tairbhíche ina n-úsáidtear na hábhair na nósanna imeachta a leagtar síos sa chomhaontú saorthrádála ábhartha de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm chun tionscnamh fabhair na n-ábhar sin a fhíorú.

Airteagal 99

Bailíocht ráitis maidir le tionscnamh

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Déanfar ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i ndáil le gach coinsíneacht.

2. Beidh ráiteas maidir le tionscnamh bailí ar feadh 12 mhí ón dáta a tharraingítear suas é.

3. Arna iarraidh sin don allmhaireoir, féadfar níos mó ná coinsíneacht amháin a chumhdach le ráiteas aonair maidir le tionscnamh má chomhlíonann na hearraí na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) cuirtear i láthair iad agus iad neamhchóimeáilte nó díchóimeáilte de réir bhrí Riail Ghinearálta 2(a) um Léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe;

(b) go dtagann siad faoi Roinn XVI nó Roinn XVII nó faoi cheannteideal 7308 nó faoi cheannteideal 9406 den Chóras Comhchuibhithe;

(c) go bhfuil sé beartaithe iad a allmhairiú i dtráthchodanna, laistigh de thréimhse a chinnfidh údaráis chustaim na mBallstát.

Fíoróidh údaráis chustaim na mBallstát allmhairiúcháin a dhéanann maoirseacht ar an scaoileadh i saorchúrsaíocht i ndiaidh a chéile gur cuid de na táirgí neamhchóimeáilte nó díchóimeáilte a ndearnadh an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas ina leith atá i ngach ceann de na coinsíneachtaí.

Airteagal 100

Inghlacthacht éilimh ar chóir fhabhrach taraife faoi scéim GSP

(Airteagal 64(1) den Chód)

Chun go mbeidh dearbhóir i dteideal cóir fhabhrach taraife a éileamh faoi scéim GSP, beidh na hearraí onnmhairithe ar an dáta a thosaigh an tír thairbhíoch ar chóras REX a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 87 nó tar éis an dáta sin.

Airteagal 101

Ráitis maidir le tionscnamh san Aontas a ionadú chun críocha scéim GSP na hIorua nó na hEilvéise

(Airteagal 64(1) den Chód)

Beidh feidhm ag Airteagal 69(1), (2) agus (4) chun na táirgí tionscnaimh uile, nó cuid díobh, a sheoladh chuig an Iorua nó chuig an Eilvéis.

Airteagal 102

Nós imeachta chun cóir fhabhrach taraife a éileamh faoi scéim GSP

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. I gcás ina n-éilíonn dearbhóir cóir fhabhrach taraife faoi scéim GSP, déanfar tagairt don ráiteas maidir le tionscnamh nó don ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh sa dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht. Cuirfear an tagairt sin isteach i bhfoirm an chóid don chineál sin doiciméid tacaíochta, agus ina dhiaidh sin dáta a tharraingthe suas leis an bhformáid *bbbbmmll*, i gcás inarb é *bbbb* an bhliain, is é *mm* an mhí agus is é *ll* an lá. I gcás inar mó ná EUR 6 000 luach iomlán na dtáirgí tionscnaimh a choinsínítear, sonróidh an dearbhóir uimhir an onnmhaireora chláraithe freisin.

Féadfar éileamh den sórt sin a dhéanamh go cúlghabhálach i gcomhréir le hAirteagal 56(3), an dara habairt, den Chód.

3. Sula n-éileoidh sé cóir fhabhrach taraife, déanfaidh an dearbhóir cúram cuí chun a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 41 go 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus san Fhoroinn seo, go háirithe tríd an dá cheann díobh seo a leanas a sheiceáil:

(a) go bhfuil an t-onnmhaireoir cláraithe ar an suíomh gréasáin poiblí sa chóras REX ag a bhfuil uimhir bhailí, i gcás inar mó ná EUR 6 000 luach iomlán na dtáirgí tionscnaimh a choinsínítear;

(b) go ndearnadh an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i gcomhréir le hIarscríbhinn 22-07.

Airteagal 103

Díolúintí ón gceanglas maidir le ráiteas maidir le tionscnamh

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Beidh na táirgí seo a leanas díolmhaithe ón gceanglas maidir le ráiteas maidir le tionscnamh:

(a) táirgí a sheoltar mar phacáistí beaga ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha, nach mó a luach iomlán ná EUR 500;

(b) táirgí atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaithe, nach mó a luach iomlán ná EUR 1 200.

2. Comhlíonfaidh na táirgí dá dtagraítear i mír 1 na ceanglais seo a leanas:

(a) níltear á n-allmhairiú lena dtrádáil;

(b) dearbhaíodh go gcomhlíonann siad na coinníollacha maidir le tairbhe a bhaint as scéim GSP;

(c) níl aon amhras ann maidir le fírinneacht an dearbhaithe dá dtagraítear i bpointe (b).

3. Chun críocha mhír 2, pointe (a), ní mheasfar gur allmhairí lena dtrádáil iad allmhairí má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) gur allmhairí ócáideacha iad;

(b) nach bhfuil sna hallmhairí ach táirgí le haghaidh úsáid phearsanta na bhfaighteoirí nó na dtaistealaithe nó a dteaghlaigh amháin;

(c) gur léir ó chineál agus ó chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chuspóir tráchtála leo.

Airteagal 104

Neamhréireachtaí agus earráidí foirmiúla i ráitis maidir le tionscnamh

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. I gcás ina dtiocfar ar neamhréitigh bheaga idir na sonraí a áirítear i ráiteas maidir le tionscnamh nó sa doiciméad ar a dtarraingítear suas ráiteas maidir le tionscnamh, agus na sonraí a luaitear sa dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht na dtáirgí, ní chuirfidh sin an ráiteas maidir le tionscnamh ar neamhní má chruthaítear go hiomchuí go bhfreagraíonn an ráiteas do na táirgí a dearbhaíodh.

2. Earráidí ar léir gur earráidí foirmiúla iad amhail earráidí cló i ráiteas maidir le tionscnamh nó sa doiciméad ar a dtarraingítear suas ráiteas maidir le tionscnamh, ní dhiúltófar don ráiteas maidir le tionscnamh dá ndeasca mura cúis amhrais iad maidir lena chirte atá sé.

Airteagal 106

Fíorú éileamh ar chóir fhabhrach taraife

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Tabharfaidh údaráis chustaim na mBallstát faoi bhainistiú riosca agus déanfaidh siad rialuithe custaim i gcomhréir le hAirteagal 46 den Chód, chun críocha éilimh ar chóir fhabhrach taraife faoi scéim GSP a fhíorú.

1a. Féadfaidh údaráis chustaim na mBallstát, chun críocha an fhíoraithe dá dtagraítear i mír 1, a iarraidh ar an dearbhóir, laistigh de thréimhse réasúnta ama a shonrófar agus nach bhféadfaidh a bheith níos faide ná 3 mhí, aon fhianaise atá ar fáil a sholáthar ar chomhlíonadh cheanglais Airteagail 41 go 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus na Foroinne seo.

1b. I gcás ina n-iarrfaidh údaráis chustaim Ballstáit comhar ó údaráis inniúla tíre tairbhíche chun an fíorú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, cuirfidh siad in iúl ina n-iarraidh na cúiseanna atá leis an bhfíorú sin, nó go ndéanfar go randamach é mar chuid de bhainistiú riosca.

Féadfar cóip den ráiteas maidir le tionscnamh agus aon fhaisnéis bhreise nó aon doiciméad breise a thugann le tuiscint go bhfuil an fhaisnéis sa ráiteas sin mícheart a chur ar aghaidh mar thaca leis an iarraidh ar fhíorú.

Socróidh údaráis chustaim an Bhallstáit iarrthaigh sprioc-am tosaigh 6 mhí d'údaráis inniúla na tíre tairbhíche chun torthaí an fhíoraithe a chur in iúl, ag tosú ó dháta na hiarrata ar fhíorú.

1c. I gcás nach bhfaighfear aon fhreagra faoin sprioc-am a shonraítear i mír 1b nó mura mbeidh dóthain faisnéise sa fhreagra chun stádas tionscnaimh na dtáirgí a chinneadh, gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh de 30 lá ón sprioc-am a leagtar síos sa chéad iarraidh nó ón dáta a fhaightear an freagra ina bhfuil faisnéis neamhleor, seolfar an dara teachtaireacht chuig údaráis inniúla na tíre tairbhíche, agus leagfar síos sprioc-am breise 6 mhí.

2. Féadfaidh údaráis chustaim na mBallstát cur i bhfeidhm na córa fabhraí taraife a chur ar fionraí ar feadh ré an nós imeachta fíorúcháin. Fad a bheifear ag fanacht leis an bhfaisnéis a iarradh ar an dearbhóir dá dtagraítear i mír 1b, nó le torthaí an nós imeachta fíorúcháin dá dtagraítear i mír 1b agus i mír 1c, tairgfear scaoileadh na dtáirgí don dearbhóir faoi réir ráthaíochta nó faoi réir aon bheart réamhchúraim a mheastar a bheith riachtanach.

Airteagal 106a

Ráitis athsholáthair maidir le tionscnamh a tarraingíodh suas san Iorua nó san Eilvéis a fhíorú – teorainneacha ama

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Chun críocha an chomhair riaracháin dá dtagraítear i bpointe 6(a) de na Comhaontuithe i bhfoirm Malartuithe Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua (****) agus idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise (*****) maidir le carnadh tionscnaimh idir an tAontas Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise, Ríocht na hIorua agus Poblacht na Tuirce faoi chuimsiú Chóras Ginearálaithe um Fhabhair ('na Comhaontuithe'), cuirfidh údaráis

chustaim na hIorua nó na hEilvéise údaráis chustaim an Bhallstáit ina scaoilfear táirgí i saorchúrsaíocht ar an eolas faoi thorthaí an nós imeachta fíorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 106, laistigh de 16 mhí ón iarraidh. I gcás nach bhfuil an t-údarás iarrtha in ann déileáil leis an iarraidh ar fhíorú, cuirfidh an t-údarás sin na húdaráis chustaim iarrthacha ar an eolas faoi na cúiseanna.

Beidh feidhm ag Airteagal 108(1) maidir le hiarrataí a sheolfar chuig údaráis chustaim na hIorua agus na hEilvéise ar fhíorú ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh a tharraingítear suas ar a gcríocha, d'fhonn a iarraidh ar na húdaráis sin idirchaidreamh breise a dhéanamh leis na húdaráis inniúla sa tír thairbhíoch.

2. Chun críocha an chomhair riaracháin dá dtagraítear i bpointe 6(b) de na Comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh údaráis chustaim na hIorua nó na hEilvéise d'údaráis chustaim an Bhallstáit ina scaoilfear na táirgí i saorchúrsaíocht an ráiteas tosaigh maidir le tionscnamh a chomhfhreagraíonn don ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh atá faoi réir fíorú nó, i gcás inarb iomchuí, cóip den doiciméad tosaigh sin maidir le tionscnamh, laistigh de 2 mhí ón iarraidh a fháil.

3. Beidh feidhm ag na teorainneacha ama dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 maidir le hiarrataí ar chomhar riaracháin a sheol údaráis chustaim na hIorua nó na hEilvéise chuig údaráis chustaim na mBallstát i gcomhréir le pointe 6 de na Comhaontuithe.

Airteagal 107

Diúltú cóir fhabhrach a dheonú

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Diúltóidh údaráis chustaim an Bhallstáit cóir fhabhrach taraife a dheonú, gan oibleagáid a bheith orthu aon fhianaise bhreise a iarraidh ná iarraidh ar fhíorú a sheoladh chuig údaráis inniúla na tíre tairbhíche, i gcás ina gcomhlíonfar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach ionann na táirgí agus na táirgí dá dtagraítear sa ráiteas maidir le tionscnamh nó sa ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh;

(b) gan dochar d'Airteagal 103, nach bhfuil an ráiteas maidir le tionscnamh nó an ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann i seilbh an dearbhóra;

(c) nach ndearna onnmhaireoir cláraithe an ráiteas maidir le tionscnamh, i gcás táirgí ar mó a luach iomlán ná EUR 6 000, nó an ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh a tharraingt suas;

(d) gan dochar d'Airteagal 103, nach ndearnadh an ráiteas maidir le tionscnamh nó an ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh a tharraingt suas i gcomhréir le hIarscríbhinn 22-07 nó i gcomhréir le hIarscríbhinn 22-20;

(e) nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 43 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

2. Diúltóidh údaráis chustaim an Bhallstáit cóir fhabhrach taraife a dheonú, tar éis iarraidh ar fhíorúchán chuig údaráis inniúla na tíre tairbhíche, sna cásanna seo a leanas:

(a) fuair údaráis chustaim an Bhallstáit allmhairiúcháin freagra a thugann le fios nach raibh an t-onnmhaireoir i dteideal an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas;

(b) tá freagra faighte acu ar dá réir nach gcomhlíonann na táirgí na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 41 go 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus san Fhoroinn seo;

(c) níl freagra faighte acu laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 106(1), pointe (a), nó tá freagra faighte acu agus níl an fhaisnéis a soláthraíodh leordhóthanach chun stádas tionscnaimh an táirge a chinneadh.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), maidir le ráitis athsholáthair maidir le tionscnamh a tharraingítear suas san Iorua nó san Eilvéis.

Airteagal 108

Oibleagáidí ar thíortha tairbhíocha stádas tionscnaimh táirgí a rialú

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le stádas tionscnaimh táirgí, déanfaidh údaráis inniúla na tíre tairbhíche an méid seo a leanas ar a dtionscnamh féin:

(a) fíoruithe ar stádas tionscnaimh táirgí;

(b) rialuithe rialta ar onnmhaireoirí cláraithe.

Déanfar na fíoruithe agus na rialuithe sin ag eatraimh a chinnfear ar bhonn critéir iomchuí anailíse riosca. Chun na críche sin, ceanglófar le reachtaíocht náisiúnta na dtíortha tairbhíocha ar onnmhaireoirí cóipeanna nó liosta de na ráitis maidir le tionscnamh atá tarraingthe suas acu a sholáthar, i gcomhréir le hAirteagal 91(1), pointe (e).

Ar iarraidh ar fhíorú a fháil dá dtagraítear in Airteagal 106, fíoróidh údaráis inniúla na dtíortha tairbhíocha, bunaithe ar an bhfaisnéis atá san iarraidh ar fhíorú, go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 41 go 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus san Fhoroinn seo. Tabharfaidh údaráis inniúla na dtíortha tairbhíocha freagra ar an iarraidh ar fhíorú laistigh den sprioc-am a leagtar síos in Airteagal 106 den Rialachán seo.

2. Beidh an ceart ag údaráis inniúla na dtíortha tairbhíocha aon fhianaise a iarraidh agus aon chigireacht a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora agus, i gcás inarb iomchuí, ar chuntais na dtáirgeoirí a sholáthraíonn don onnmhaireoir, lena n-áirítear ag an áitreabh, nó aon seiceáil eile a dhéanamh a mheastar a bheith iomchuí.

3. I gcás inar cosúil go léiríonn fíorú éilimh ar chóir fhabhrach taraife dá dtagraítear in Airteagal 106, nó aon fhaisnéis eile atá ar fáil, go bhfuil na rialacha tionscnaimh á sárú, déanfaidh an tír thairbhíoch is onnmhaireoir, ar a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin d'údaráis chustaim na mBallstát nó don Choimisiún, fiosrúcháin iomchuí nó socróidh sí go ndéanfar fiosrúcháin den sórt sin go pras chun sáruithe den sórt sin a shainaithint agus a chosc. Chun na críche sin, féadfaidh an Coimisiún nó údaráis chustaim na mBallstát a bheith rannpháirteach sna fiosrúcháin sin.

Airteagal 112

Ceuta agus Melilla

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Beidh feidhm ag Airteagail 41 go 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus cinneadh á dhéanamh maidir le cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar a mheas gur de thionscnamh tíre tairbhíche iad táirgí nuair a onnmhairítear chuig Ceuta nó Melilla iad nó cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar a mheas gur de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad nuair a onnmhairítear chuig tír thairbhíoch iad chun críoch carntha dhéthaobhaigh.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 84 go 93 maidir le táirgí a onnmhairítear ó thír thairbhíoch chuig Ceuta nó Melilla agus maidir le táirgí a onnmhairítear ó Ceuta nó Melilla chuig tír thairbhíoch chun críoch carntha dhéthaobhaigh.

3. Chun na gcríoch a luaitear i míreanna 1 agus 2, measfar gur aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.';

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hainmníocht na dtíortha agus na gcríoch le haghaidh an staidrimh Eorpaigh maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí agus maidir leis an mionscagadh geografach i ndáil le staidreamh gnó eile (IO L 334, 13.10.2020, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1470/oj).

(**) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/512 ón gCoimisiún an 13 Márta 2025 maidir le socruithe teicniúla chun córais leictreonacha a fhorbairt, a chothabháil agus a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/512, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/512/oj).

(***) Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe i bhfeidhm agus lena n aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/978/oj).

(****) Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le carnadh tionscnaimh idir an tAontas Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise, Ríocht na hIorua agus Poblacht na Tuirce faoi chuimsiú an Chórais Ghinearálaithe um Fhabhair (IO L 24, 28.1.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/116/oj).

(*****) Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le carnadh tionscnaimh idir an tAontas Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise, Ríocht na hIorua agus Poblacht na Tuirce faoi chuimsiú an Chórais Ghinearálaithe um Fhabhair (IO L 25, 29.1.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/131/oj).

(8) i dTeideal II, Caibidil 2, Roinn 2, cuirtear isteach an Fhoroinn 13 seo a leanas:

'Foroinn 13

Rialacha nós imeachta chun úsáid an chórais leictreonaigh a bhaineann le doiciméid maidir le tionscnamh a éascú

Airteagal 126a

Córas leictreonach a bhaineann le doiciméid maidir le tionscnamh

(Airteagal 16(1) den Chód)

1. Úsáidfear córas láraithe leictreonach arna bhunú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 16(1) den Chód chun faisnéis a phróiseáil, a mhalartú agus a stóráil chun iarrataí ar fhíorú, comhar riaracháin agus fíorú ar líne barántúlachta agus bailíochta a bhaineann le doiciméid maidir le tionscnamh dá bhforáiltear i gcomhaontuithe fabhracha an Aontais a eisiúint, a chur isteach agus a bhainistiú, lena n-áirítear chun fíorú a dhéanamh agus comhar riaracháin a bhaineann le dearbhuithe soláthraí.

2. Maidir le gach ceann de na feidhmiúlachtaí dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún an córas leictreonach um Dheimhnithe Cruthúnais Tionscnaimh ("an córas Eorpach r-DCT") ar fáil do na Ballstáit agus, i gcás ina bhforáiltear dó sin i gcomhaontuithe fabhracha de chuid an Aontais, do thríú tíortha nó do thríú críocha a thairbhíonn de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (d) nó (e), den Chód, ó na dátaí a leagtar amach in Airteagal 126b den Rialachán seo ar aghaidh.

3. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh i gcomhaontuithe fabhracha an Aontais, soláthróidh an Coimisiún rochtain shlán ar líne ar an gcóras Eorpach r-DCT chun barántúlacht agus bailíocht deimhnithe gluaiseachta EUR.1 agus doiciméad eile maidir le tionscnamh a fhíorú d'údaráis chustaim tríú tíortha nó tríú críocha, agus rochtain phoiblí ar líne ar fhaisnéis maidir le bailíocht deimhnithe gluaiseachta EUR.1.

4. Bunóidh an Coimisiún idirnasc idir an córas Eorpach r-DCT agus Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX AE) arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*). Déanfaidh na Ballstáit a dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a idirnascadh le CSW-CERTEX AE chun gur féidir fíorú uathoibrithe a dhéanamh ar dheimhnithe tionscnaimh.

Airteagal 126b

Rialacha nós imeachta maidir le húsáid an chórais Eorpaigh r-DCT

(Airteagal 64(1) den Chód)

1. Bainfidh oibreoirí eacnamaíocha úsáid as an gcóras Eorpach r-DCT chun iarratais ar dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (**) ("an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara") a chur isteach ón 26 Meitheamh 2030.

2. Úsáidfidh údaráis chustaim na mBallstát an córas Eorpach r-DCT chun deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisiúint dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ón 26 Meitheamh 2030.

3. I gcás ina mbunófar malartú leictreonach tríd an gcóras r-DCT idir údaráis chustaim na mBallstát agus údaráis chustaim páirtí chonarthaigh amháin nó níos mó sa Choinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, úsáidfidh údaráis chustaim na mBallstát an córas Eorpach r-DCT chun deimhnithe gluaiseachta EUR.1 dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún sin a mhalartú agus eiseofar é go leictreonach chuig na húdaráis sin ón dáta a shonraítear sna comhaontuithe ábhartha, ach tráth nach luaithe ná an 23 Meitheamh 2032.

4. Úsáidfidh údaráis chustaim na mBallstát an córas Eorpach r-DCT nó déanfaidh siad a gcórais náisiúnta atá in úsáid a idirnascadh leis an gcóras Eorpach r-DCT le haghaidh an chomhair riaracháin laistigh den Aontas, lena n-áirítear chun fíorú doiciméad maidir le tionscnamh agus dearbhuithe soláthraí a bhainistiú, ón 26 Meitheamh 2030.

5. I gcás ina bhforáiltear dó sin i gcomhaontuithe idir an tAontas agus páirtithe conarthacha sa Choinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, úsáidfidh údaráis chustaim na mBallstát an córas Eorpach r-DCT le haghaidh comhar riaracháin le húdaráis chustaim na dtíortha nó na gcríoch sin ón dáta a shonraítear sna comhaontuithe sin, ach tráth nach luaithe ná an 26 Meitheamh 2030.

6. Úsáidfidh údaráis chustaim na mBallstát an t-idirnasc dá dtagraítear in Airteagal 126a(4) chun faisnéis ábhartha a mhalartú go huathoibríoch idir córais chustaim náisiúnta agus an córas Eorpach r-DCT chun a fhíorú go gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis atá i ndeimhnithe gluaiseachta EUR.1 dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara don fhaisnéis atá sna dearbhuithe custaim ón 29 Meitheamh 2033.

7. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir leis na malartuithe uathoibrithe faisnéise dá dtagraítear i mír 6:

(a) Airteagal 163(1), an dara habairt den Chód;

(b) Airteagal 2, Airteagal 3(1), pointí (a), (b) agus (c), Airteagal 4, Airteagal 5(1) go (4), Airteagail 6 agus 7, Airteagal 8(1), Airteagal 8(3), pointí (b) agus (c), Airteagal 8(5), Airteagal 9, Airteagal 10(1) agus (2), agus Airteagail 16 go 20 de Rialachán (AE) 2022/2399;

(c) Airteagal 4, Airteagal 5(1), pointí (a) agus (c), Airteagal 5(2), Airteagail 6 go 11, Airteagal 12(1), pointí (a) agus (b), Airteagal 12(2), agus Airteagail 13 go 21 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2145 ón gCoimisiún (***);

(d) Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2514 ón gCoimisiún (****).

_____

(*) Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2399/oj).

(**) An Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh Uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/94(1)/oj).

(***) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2145 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le faisnéis a mhalartú i gCóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam de bhun Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2145, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2145/oj).

(****) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2514 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na heilimintí sonraí atá le malartú trí Chóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a shonrú agus leasú a dhéanamh ar an Rialachán sin a mhéid a bhaineann leis an liosta d'fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam (IO L, 2024/2514, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2514/oj).';

(9) Scriostar Iarscríbhinn 22-02;

(10) Scriostar Iarscríbhinn 22-06;

(11) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn 22-06A;

(12) cuirtear isteach an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo mar Iarscríbhinn 22-06B;

(13) Cuirtear an téacs atá leagtha amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn 22-07;

(14) Scriostar Iarscríbhinní 22-08 agus 22-09;

(15) Cuirtear an téacs atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn 22-15;

(16) Scriostar Iarscríbhinní 22-16, 22-17, 22-18;

(17) Scriostar Iarscríbhinn 22-19;

(18) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn 22-20.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 23 Nollaig 2027.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (2), (4), (5), (6), (9), (15) agus (16) ón 23 Meitheamh 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN 22-06A

Iarratas ar onnmhaireoirí agus athchoinsíneoirí a chlárú san Aontas (Córas REX)

Úsáidtear an t-iarratas seo chun onnmhaireoirí agus athchoinsíneoirí a chlárú san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 86 den Rialachán seo.

Faisnéis faoin Ionadaí
(aitheantas agus sonraí teagmhála an ionadaí custaim i gcás ina gcuireann an t-ionadaí sin an t-iarratas isteach)
Uimhir EORI:
Ainm:
Seoladh (sráid agus uimhir, cód poist, cathair, tír):
Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir facs agus/nó uimhir theileafóin):

1. **Faisnéis faoin Onnmhaireoir**
(aitheantas agus sonraí teagmhála an onnmhaireora / an athchoinsíneora atá le clárú)
Uimhir EORI:
Ainm:
Seoladh Iomlán (sráid agus uimhir, cód poist, cathair, tír):
Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir facs agus/nó uimhir theileafóin):
Duine/Daoine Eile:
(tabhair le fios cé acu is féidir nó nach féidir leis an onnmhaireoir nó leis an athchoinsíneoir an doiciméad maidir le tionscnamh a tharraingt suas ar dhoiciméid arna n-eisiúint ag duine amháin eile nó níos mó agus tabhair faisnéis faoin duine sin nó faoi na daoine sin)
Ainm:
Seoladh (sráid agus uimhir, cód poist, cathair, tír):
Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir facs agus/nó uimhir theileafóin):

2. **Faisnéis Teagmhála an Onnmhaireora**
(faisnéis roghnach faoin duine/faoi na daoine atá freagrach as teagmháil a choinneáil leis na húdaráis chustaim a mhéid a bhaineann leis an gclárú agus lena úsáid ag an onnmhaireoir / ag an athchoinsíneoir)
Ainm:
Seoladh (sráid agus uimhir, cód poist, cathair, tír):
Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir facs agus/nó uimhir theileafóin):

3. **Gníomhaíochtaí Onnmhaireora**
(sonraigh gníomhaíocht amháin ar a laghad de chuid an onnmhaireora agus / an athchoinsíneora atá le clárú).
Táirgeadh:
Trádáil:
Athchoinsíniú:

4. **Tuairisc ar Earraí**
(sonraigh cineál amháin earraí ar a laghad a bhféadfaidh an t-onnmhaireoir cláraithe / an t-athchoinsíneoir doiciméid maidir le tionscnamh / ráitis athsholáthair maidir le tionscnamh a tharraingt suas ina leith)
Cód an Chórais Chomhchuibhithe (ceannteidil nó caibidlí CC i gcás ina dtagann earraí faoi níos mó ná 20 ceannteideal CC):
Tuairisc:

5. **Gnóthais**

Leis seo, déanaimse, an duine thíos-sínithe, a dhearbhú:
— go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas seo cruinn agus iomlán;
— nár cúlghaireadh aon chlárú roimhe seo; agus, os a choinne sin, go bhfuil an staid as ar tháinig aon chúlghairm den sórt sin leigheasta;
— nach ndéanfaidh mé doiciméid amach maidir le tionscnamh ach amháin do na hearraí sin a cháilíonn do chóir fhabhrach agus a chomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh arna sonrú do na hearraí sin sa chomhaontú fabhrach lena mbaineann;
— go ndéanfaidh mé taifid chuntasaíochta tráchtála chuí a chothabháil le haghaidh táirgeadh/soláthar earraí atá cáilithe le haghaidh cóir fhabhrach agus na doiciméid agus an fhaisnéis uile a éilítear a choimeád, i bhfoirm iomchuí, fad a cheanglaítear sin leis an gcomhaontú fabhrach lena mbaineann, agus 3 bliana ar a laghad ó dheireadh na bliana féilire inar tarraingíodh suas an ráiteas maidir le tionscnamh nó an doiciméad eile maidir le tionscnamh;

— go dtabharfaidh mé fógra láithreach do na húdaráis chustaim faoi athruithe ar an bhfaisnéis arna soláthar chun críoch an chlárúcháin seo;
— go soláthróidh mé na doiciméid agus an fhaisnéis uile is gá do na húdaráis chustaim, i bhfoirm iomchuí, mar aon leis an gcúnamh uile is gá chun foirmiúlachtaí agus rialuithe custaim a chur i gcrích;
— go nglacfaidh mé le faireachán ar an gclárú seo agus le haon seiceáil ar chruinneas na ndoiciméad maidir le tionscnamh a tharraingítear suas, lena n-áirítear taifid chuntasaíochta a fhíorú agus cuairteanna ar m'áitreabh ag an gCoimisiún nó ag na húdaráis chustaim;
— go n-iarrfaidh mé go gcúlghairfear mo chlárú sa chóras, más rud é nach gcomhlíonaim na coinníollacha a thuilleadh maidir le hearraí a onnmhairiú faoi chomhaontuithe fabhracha lena gcuirtear an córas Onnmhaireoirí Cláraithe i bhfeidhm, nó maidir le hearraí a athchoinsíniú laistigh den Aontas;
— go n-iarrfaidh mé go gcúlghairfear mo chlárú sa chóras, i gcás nach mbeidh sé beartaithe agam an córas Onnmhaireoirí Cláraithe a úsáid a thuilleadh.

Áit sínithe an tsínitheora údaraithe ([1]):
Dáta sínithe an tsínitheora údaraithe:
Ainm an tsínitheora údaraithe:
Teideal Poist an tsínitheora údaraithe:

6. **Toiliú sonrach feasach roimh ré ón onnmhaireoir go bhfoilseofaí a shonraí nó a sonraí ar an suíomh gréasáin poiblí**

Cuirtear an duine thíos-sínithe ar an eolas go bhféadfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san iarratas seo a nochtadh don phobal ar an suíomh gréasáin poiblí. Glacann an duine thíos-sínithe le foilsiú na faisnéise sin tríd an suíomh gréasáin poiblí. Féadfaidh an duine thíos-sínithe a thoiliú le foilsiú na faisnéise sin a tharraingt siar tríd an suíomh gréasáin poiblí trí iarraidh a chur chuig na húdaráis chustaim atá freagrach as an gclárú.

Áit sínithe an tsínitheora údaraithe ([1]):
Dáta sínithe an tsínitheora údaraithe:
Ainm an tsínitheora údaraithe:
Teideal Poist an tsínitheora údaraithe:

7. **Bosca le haghaidh úsáid oifigiúil ag údaráis chustaim**

Uimhir Chlárúcháin an onnmhaireora nó an athchoinsíneora …
Dáta an chláraithe: …
Dáta óna bhfuil an clárú bailí: …

Síniú agus stampa ([1]):

([1]) I gcás ina ndéantar an t-iarratas ar chlárú nó ar mhalartuithe eile faisnéise idir onnmhaireoirí nó athchoinsíneoirí agus údaráis chustaim trí theicnící leictreonacha próiseála sonraí a úsáid, cuirfear fíordheimhniú leictreonach in ionad an tsínithe dá dtagraítear i mboscaí 5, 6 agus 7.

Fógra faisnéise
maidir le sonraí pearsanta a chorpraítear sa chóras a chosaint agus a phróiseáil

1. I gcás ina bpróiseálfaidh an Coimisiún sonraí pearsanta san iarratas seo, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

2. Déantar sonraí pearsanta i ndáil leis an iarratas a phróiseáil chun na rialacha maidir le tionscnamh fabhair a bhaineann le comhaontuithe fabhracha an Aontais a chur i bhfeidhm. Is iad na rialacha sin an bunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil i ndáil leis an iarratas.

3. Is é an t-údarás custaim sa Bhallstát inar cuireadh an t-iarratas isteach an rialaitheoir sonraí i ndáil le próiseáil na sonraí sa chóras REX.

   Tá an liosta d'údaráis inniúla chustaim foilsithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

4. Tugtar rochtain d'úsáideoirí sa Choimisiún, d'údaráis inniúla na dtíortha tairbhíocha agus d'údaráis chustaim sna Ballstáit, san Iorua, san Eilvéis agus sa Tuirc, ar shonraí uile an iarratais seo trí bhíthin aitheantas úsáideora/pasfhocal úsáideora.

5. Coinneoidh údaráis inniúla na dtíortha tairbhíocha na sonraí maidir le clárú cúlghairthe sa chóras REX go ceann 10 mbliana féilire. Mairfidh an tréimhse sin ó dheireadh na bliana ina ndearnadh clárú a chúlghairm.

6. Tá an ceart ag an ábhar sonraí rochtain a fháil ar na sonraí a bhaineann leis nó léi a phróiseálfar trí chóras REX agus, i gcás inarb iomchuí, tá an ceart aige sonraí a cheartú, a scriosadh nó a bhlocáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

7. Is féidir gearáin a chur faoi bhráid an údaráis náisiúnta ábhartha um chosaint sonraí. Tá sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta um chosaint sonraí le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais:
   https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/list-personal-data-protection-competent-authorities

   Tá sé an ceart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (i.e. gearán a dhéanamh leis) (edps@edps.europa.eu) má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag an rialaitheoir sonraí.

([1]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).'

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN 22-06B

Iarratas ar onnmhaireoirí i dtríú tíortha a chlárú (Córas REX)

Úsáidtear an t-iarratas seo chun onnmhaireoirí i dtríú tíortha a chlárú, i gcomhréir le hAirteagal 80 den Rialachán seo.

1. **Faisnéis faoin Onnmhaireoir**
(aitheantas agus sonraí teagmhála an onnmhaireora atá le clárú)
Uimhir aitheantais (roghnach):
Ainm:
Seoladh Iomlán (sráid agus uimhir, cód poist, cathair, tír):
Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir facs agus/nó uimhir theileafóin)
Duine/Daoine Eile:
(tabhair le fios cé acu is féidir nó nach féidir leis an onnmhaireoir an doiciméad maidir le tionscnamh a tharraingt suas ar dhoiciméid arna n-eisiúint ag duine amháin eile nó níos mó agus tabhair faisnéis faoin duine sin nó faoi na daoine sin)
Ainm:
Seoladh (sráid agus uimhir, cód poist, cathair, tír):
Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir facs agus/nó uimhir theileafóin):

2. **Faisnéis Teagmhála an Onnmhaireora**
(faisnéis roghnach faoin duine/faoi na daoine atá freagrach as teagmháil a choinneáil leis na húdaráis inniúla a mhéid a bhaineann leis an gclárú agus lena úsáid ag an onnmhaireoir)
Ainm:
Seoladh (sráid agus uimhir, cód poist, cathair, tír):
Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir facs agus/nó uimhir theileafóin):

3. **Gníomhaíochtaí Onnmhaireora**
(sonraigh gníomhaíocht amháin ar a laghad de chuid an onnmhaireora atá le clárú).
Táirgeadh:
Trádáil:

4. **Tuairisc ar Earraí**
(sonraigh cineál amháin earraí ar a laghad a bhféadfaidh an t-onnmhaireoir cláraithe doiciméid maidir le tionscnamh a tharraingt suas ina leith)
Cód an Chórais Chomhchuibhithe (ceannteidil nó caibidlí CC i gcás ina dtagann earraí faoi níos mó ná 20 ceannteideal CC):
Tuairisc:

5. **Gnóthais**

Leis seo, déanaimse, an duine thíos-sínithe, a dhearbhú:
— go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas seo cruinn agus iomlán;
— nár cúlghaireadh aon chlárú roimhe seo; agus, os a choinne sin, go bhfuil an staid as ar tháinig aon chúlghairm den sórt sin leigheasta;
— nach ndéanfaidh mé doiciméid amach maidir le tionscnamh ach amháin do na hearraí sin a cháilíonn do chóir fhabhrach agus a chomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh arna sonrú do na hearraí sin sa chomhaontú fabhrach lena mbaineann;
— go ngeallaim taifid chuntasaíochta tráchtála iomchuí a choimeád le haghaidh táirgeadh/soláthar earraí a cháilíonn don chóir fhabhrach agus iad a choinneáil a fhad a cheanglaítear leis an gcomhaontú fabhrach lena mbaineann, agus go ceann 3 bliana ar a laghad ó dheireadh na bliana féilire inar tarraingíodh suas an doiciméad maidir le tionscnamh;
— go dtabharfaidh mé fógra láithreach don údarás inniúil maidir le hathruithe ar mo shonraí clárúcháin ón dáta a fuair mé an uimhir onnmhaireora chláraithe, de réir mar a thagann siad chun cinn;
— go gcomhoibreoidh mé leis na húdaráis inniúla atá freagrach as an gclárú;
— go nglacfaidh mé le haon seiceáil ar chruinneas mo ráiteas maidir le tionscnamh, lena n-áirítear taifid chuntasaíochta a fhíorú agus cuairteanna ar m'áitreabh ag na húdaráis inniúla atá freagrach as an gclárú;

— go n-iarrfaidh mé go gcúlghairfí mo chlárú sa chóras, más rud é nach gcomhlíonaim na coinníollacha a thuilleadh chun aon earra a onnmhairiú faoin gcomhaontú fabhrach lena mbaineann; — go n-iarrfaidh mé go gcúlghairfear mo chlárú sa chóras, i gcás nach mbeidh sé beartaithe agam a thuilleadh na hearraí sin a onnmhairiú faoin gcomhaontú fabhrach lena mbaineann. Áit, dáta, síniú an tsínitheora údaraithe, ainm agus teideal an phoist. ([1])
6. **Toiliú sonrach feasach roimh ré ón onnmhaireoir go bhfoilseofaí a shonraí ar an suíomh gréasáin poiblí** Cuirtear an duine thíos-sínithe ar an eolas go bhféadfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san iarratas seo a nochtadh don phobal ar an suíomh gréasáin poiblí. Glacann an duine thíos-sínithe le foilsiú na faisnéise sin tríd an suíomh gréasáin poiblí. Féadfaidh an duine thíos-sínithe a thoiliú le foilsiú na faisnéise sin a tharraingt siar tríd an suíomh gréasáin poiblí trí iarraidh a chur chuig na húdaráis inniúla atá freagrach as an gclárú. --- Áit, dáta, síniú an tsínitheora údaraithe, ainm agus teideal an phoist ([1])
7. **Bosca le haghaidh úsáid oifigiúil ag údarás inniúil** Tá an t-iarratasóir cláraithe faoin uimhir seo a leanas: Uimhir Chlárúcháin: … Dáta an chláraithe: … Dáta óna bhfuil an clárú bailí … Síniú agus stampa ([1])
([1]) I gcás ina ndéantar an t-iarratas ar chlárú nó ar mhalartuithe eile faisnéise idir onnmhaireoirí nó athchoinsíneoirí agus údaráis chustaim trí theicnící leictreonacha próiseála sonraí a úsáid, cuirfear fíordheimhniú leictreonach in ionad an tsínithe dá dtagraítear i mboscaí 5, 6 agus 7.

Fógra faisnéise
maidir le sonraí pearsanta a chorpraítear sa chóras a chosaint agus a phróiseáil

1. I gcás ina ndéanann údaráis inniúla tríú tír a chuireann Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) chun feidhme sonraí pearsanta atá san iarratas seo ar chlárú a phróiseáil, beidh feidhm ag na forálacha náisiúnta ábhartha lena gcuirtear an Rialachán sin chun feidhme.

2. Déantar sonraí pearsanta i ndáil leis an iarratas seo a phróiseáil chun críoch rialacha tionscnaimh mar a shainmhínítear sa reachtaíocht ábhartha a bhaineann le comhaontuithe fabhracha an Aontais nó le scéimeanna GSP na hIorua, na hEilvéise nó na Tuirce. Is í an reachtaíocht sin an bunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil i ndáil leis an iarratas seo.

3. Is é an t-údarás inniúil atá freagrach as clárú i dtríú tír inar cuireadh an t-iarratas sin isteach an rialaitheoir i ndáil le próiseáil na sonraí sa chóras REX.

   Foilsítear liosta na n-údarás inniúil atá freagrach as clárú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

4. Deonaítear rochtain ar shonraí uile an iarratais seo trí aitheantas úsáideora/pasfhocal d'úsáideoirí sna húdaráis inniúla atá freagrach as an tríú tír lena mbaineann, an Coimisiún agus na húdaráis chustaim sna Ballstáit a chlárú, chun críocha chomhaontuithe fabhracha an Aontais, agus na húdaráis inniúla atá freagrach as clárú san Iorua, san Eilvéis agus sa Tuirc, chun críocha a scéimeanna GSP faoi seach.

5. Coinneoidh na húdaráis inniúla atá freagrach as clárú sa tríú tír lena mbaineann na sonraí maidir le clárú cúlghairthe i gcóras REX ar feadh 10 mbliana féilire. Mairfidh an tréimhse sin ó dheireadh na bliana ina ndearnadh clárú a chúlghairm.

6. Tá sé an ceart ag an ábhar sonraí rochtain a fháil ar na sonraí a bhaineann leis nó léi a phróiseálfar trí chóras REX agus, i gcás inarb iomchuí, tá an ceart aige sonraí a cheartú, a scriosadh nó a bhlocáil i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta lena gcuirtear Rialachán (AE) 2016/679 chun feidhme. Déanfar aon iarraidh ar cheart rochtana, ceartúcháin, scriosta nó blocála a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil atá freagrach as clárú sa tríú tír lena mbaineann agus is iad na húdaráis sin a dhéanfaidh an phróiseáil. I gcás ina mbeidh iarraidh ar fheidhmiú an chirt sin curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an onnmhaireoir cláraithe, cuirfidh an Coimisiún an iarraidh sin ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla atá freagrach as clárú sa tríú tír lena mbaineann. Más rud é nár éirigh leis an onnmhaireoir cláraithe a chearta a fháil ón rialaitheoir sonraí, cuirfidh an t-onnmhaireoir cláraithe an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin agus é ag feidhmiú mar rialaitheoir sonraí. Beidh an ceart ag an gCoimisiún na sonraí a cheartú, a scriosadh nó a bhlocáil.

7. Is féidir gearáin a chur faoi bhráid an údaráis náisiúnta ábhartha um chosaint sonraí. Tá sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta um chosaint sonraí le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais:
   https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/list-personal-data-protection-competent-authorities

   Tá an ceart agat dul ar iontaoibh (i.e. gearán a dhéanamh) údaráis inniúil atá freagrach as clárú sa tríú tír lena mbaineann má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi na forálacha náisiúnta ábhartha lena gcuirtear Rialachán (AE) 2016/679 chun feidhme mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag an rialaitheoir sonraí.

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).'

IARSCRÍBHINN III

'IARSCRÍBHINN 22-07

Téacs an ráitis maidir le tionscnamh chun críocha scéim GSP an Aontais

Déanfar ráiteas maidir le tionscnamh trí úsáid a bhaint as an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn seo i gceann de na leaganacha teanga seo a leanas. Má dhéantar an ráiteas maidir le tionscnamh a scríobh de láimh, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin. Tarraingeofar suas an ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir leis na fonótaí faoi seach. Ní gá na fonótaí a athsholáthar.

An leagan Fraincise

L'exportateur... (Numéro d'exportateur enregistré ([1])) des produits couverts par le présent document déclare que, sauf indication claire du contraire ([2]), ces produits ont l'origine préférentielle... ([3]) au sens des règles d'origine du Système des préférences tarifaires généralisées de l'Union européenne.

(Cumul) ([4])

(Lieu et date) ([5])

(Nom et adresse complète de l'exportateur) ([6])

(Nom et adresse complète du destinataire) ([7])

An leagan Béarla

Dearbhaíonn onnmhaireoir... (Uimhir an Onnmhaireora Chláraithe ([1])) na dtáirgí a chumhdaítear leis an doiciméad seo gur de thionscnamh... fabhrach iad na táirgí sin ([2]) de réir rialacha tionscnaimh Chóras Ginearálaithe um Fhabhair an Aontais Eorpaigh, ach amháin i gcás ina léirítear a mhalairt go soiléir ([3]).

(Carnadh) ([4])

(Áit agus dáta) ([5])

(Ainm agus seoladh iomlán an onnmhaireora) ([6])

(Ainm agus seoladh iomlán an choinsíní) ([7])

An leagan Spáinnise

EL exportador... (Número de exportador registrado ([1])) de los productos incluidos en el presente documento declara que, salvo indicación en sentido contrario ([2]), estos productos gozan de un origen preferredencial... ([3]) en el sentido de las normas de origen del Sistema de preferencias generalizado de la Unión europea.

([1]) Cuir isteach an uimhir REX lena n-aithnítear an t-onnmhaireoir.

([2]) Tabhair tuairisc sa doiciméad a úsáidtear chun an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas ar na táirgí a chumhdaítear leis an ráiteas agus sainaithin go soiléir na táirgí nach gcumhdaítear.

([3]) Sonraigh tír thionscnaimh na dtáirgí.
I gcás ina mbaineann an ráiteas maidir le tionscnamh le táirgí de thionscnamh an Aontais, ní mór don onnmhaireoir an tionscnamh sin a léiriú trí bhíthin an chomhartha "AE".
Nuair a bhaineann an ráiteas maidir le tionscnamh, ina iomláine nó i bpáirt, le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, ní mór don onnmhaireoir an tionscnamh sin a léiriú trí bhíthin an chomhartha "CM".

([4]) I gcás carnadh déthaobhach, carnadh réigiúnach, carnadh leis an Iorua, leis an Eilvéis nó leis an Tuirc, nó carnadh sínte, beidh ceann amháin de na tásca seo a leanas sa ráiteas maidir le tionscnamh: "Carnadh le tír/tíortha x/y", "Cumul avec le(s) pays x/y", "Acumulación con el(los) país(paeses) x/y".

([5]) Féadfar an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár má tá sí le fáil sa doiciméad a úsáideadh chun an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas, agus más san áit chéanna agus ar an dáta céanna leis an doiciméad sin a tharraingítear suas an ráiteas sin.

([6]) Féadfar an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár má tá sí le fáil sa doiciméad a úsáideadh chun an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas, agus más é an t-onnmhaireoir an duine a d'eisigh an doiciméad sin freisin.

([7]) Féadfar an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár má tá sí le fáil sa doiciméad a úsáideadh chun an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas.'

(Acumulación) ([4])

(Lugar y fecha) ([5])

(Nombre y dirección completa del exportador) ([6])

(Nombre y dirección completa del destinatario) ([7])

IARSCRÍBHINN IV

'IARSCRÍBHINN 22-15

Dearbhú soláthraí dá dtagraítear in Airteagal 61(3)

TEIDEAL I

CEANGLAIS SONRAÍ

CAIBIDIL 1

Réamhnótaí a ghabhann leis an tábla ceanglas sonraí

(1) Tugtar tuairisc san Iarscríbhinn seo ar na heilimintí sonraí a cheanglaítear mar shonraí an dearbhaithe soláthraí, i gcomhréir le hAirteagal 61(3) den Rialachán seo.

Eagraítear na heilimintí sonraí sin i ngrúpaí sonraí agus, i gcás inarb iomchuí, i bhfoghrúpaí sonraí. Tá trí dhigit in uimhir eiliminte sonraí agus tá sí struchtúrtha mar a leanas: [1ú digit: *uimhir an ghrúpa sonraí*].[2ú digit: *uimhir an fhóghrúpa sonraí – in éagmais an fhóghrúpa sonraí, is ionann an uimhir sin agus nialas*][3ú digit: uimhir sheicheamhach].

(2) Na heilimintí sonraí a fhéadfar a sholáthar le haghaidh gach cineáil dearbhaithe soláthraí, leagtar amach iad sa tábla ceanglas sonraí i gCaibidil 3. I gCaibidil 2, tugtar faisnéis maidir le ceannteidil cholúin agus grúpaí sonraí an tábla ceanglas sonraí.

(3) Cinntear stádas gach eiliminte sonraí sa tábla ceanglas sonraí i gCaibidil 3; is é sin le rá cé acu atá nó nach bhfuil sé éigeantach don soláthróir ("M") nó roghnach ("O"), agus cé acu atá nó nach bhfuil sé ábhartha ar leibhéal an dearbhaithe ("D") nó ar leibhéal na hítime ("I"). Ciallaíonn boscaí bána i gcolúin 3 go 8 den tábla nach bhfuil aon stádas den sórt sin ag an eilimint sonraí atá i gceist, a mhéid a bhaineann leis an gcolún. Tá stádas roghnach eiliminte sonraí don soláthróir mar a chinntear san Iarscríbhinn seo gan dochar do shocruithe conarthacha idir an soláthróir agus an custaiméir lena bhforáiltear a mhalairt.

(4) Níl aon tionchar ag na siombailí "M" nó "O" ar an bhfíoras nach bhfuil gá le heilimintí sonraí áirithe ach amháin i gcás ina n-éilíonn an cineál dearbhaithe soláthraí nó na himthosca é. Féadfar iad a chomhlánú le coinníollacha nó soiléirithe a liostaítear i Nótaí an tábla ceanglas sonraí i gCaibidil 3.

(5) Beidh feidhm ag na forálacha sonracha agus ag na cóid shonracha maidir le ceanglais sonraí a leagtar amach i dTeideal II gan dochar do stádas na heiliminte sonraí lena mbaineann, mar a shainítear sa tábla ceanglas sonraí i gCaibidil 3.

(6) Gan difear a dhéanamh don oibleagáid atá ar an soláthróir sonraí a sholáthar i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo agus gan dochar d'Airteagal 61(4) agus (5), ábhar na sonraí a sholáthraíonn an soláthróir don chustaiméir le haghaidh ceanglas ar leith, tá sé bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar eolas ag an soláthróir tráth a sholáthraítear an dearbhú soláthraí don chustaiméir.

(7) I leaganacha pdf nó clóite de dhearbhuithe an tsoláthróra, féadfar a mbrí i dteanga shimplí a chur in ionad na gcód.

CAIBIDIL 2

Eochair an tábla

Roinn 1

C e a n n t e i d i l n a g c o l ú n

Uimh. an cholúin	Ceannteideal an cholúin	Inneachar an cholúin
1	Uimh. eiliminte sonraí.	An uimhir ordaithe a leithdháileadh ar an eilimint sonraí lena mbaineann (ag tosú le huimhir an ghrúpa sonraí)
2	Eilimint sonraí	Ainm na heiliminte sonraí lena mbaineann

Uimh. an cholúin	Ceannteideal an cholúin	Inneachar an cholúin
3	SDS1	Stádas na heiliminte sonraí lena mbaineann i nDearbhú Soláthróra le haghaidh Coinsíneacht aonair earraí de thionscnamh fabhair
4	SDS2	Stádas na heiliminte sonraí lena mbaineann i nDearbhú Soláthróra le haghaidh Coinsíneacht aonair earraí nach bhfuil tionscnamh fabhair aici
5	SDS3	Stádas na heiliminte sonraí lena mbaineann i nDearbhú Soláthraí le haghaidh coinsíneacht aonair earraí a bhfuil tionscnamh fabhair acu agus earraí nach bhfuil tionscnamh fabhair acu
6	SDM1	Stádas na heiliminte sonraí lena mbaineann i nDearbhú Soláthraí le haghaidh Ilchoinsíneachtaí earraí de thionscnamh fabhair
7	SDM2	Stádas na heiliminte nó na fo-eiliminte sonraí lena mbaineann i nDearbhú Soláthróra le haghaidh Ilchoinsíneachtaí earraí nach bhfuil tionscnamh fabhair acu
8	SDM3	Stádas na heiliminte sonraí lena mbaineann i nDearbhú Soláthróra le haghaidh Ilchoinsíneachtaí earraí a bhfuil tionscnamh fabhair acu agus earraí nach bhfuil tionscnamh fabhair acu

Roinn 2

Grúpaí sonraí agus Fóghrúpaí

Uimh. an Ghrúpa	Teideal	Uimh. an fhoghrúpa	Teideal
Grúpa 1	Dearbhú	1.1	Cineál agus téacs
		1.2	Doiciméid
Grúpa 2	Páirtithe	2.1	Soláthróir
		2.2	Ionadaí
		2.3	Custaiméir
Grúpa 3	Dátaí		
Grúpa 4	Custaim		
Grúpa 5	Earraí	5.1	Sainaithint earraí
		5.2	Tionscnamh earraí
Grúpa 6	Ábhair	6.1	Ábhair neamhthionscnaimh
		6.2	Ábhair thionscnaimh
Grúpa 7	Eilimintí sonraí eile	7.1	Carnadh
		7.2	Deighilt chuntasaíochta

CAIBIDIL 3

Tábla Ceanglas Sonraí

1	2	3	4	5	6	7	8
Uimh. eiliminte sonraí	Eilimint sonraí	SDS1	SDS2	SDS3	SDM1	SDM2	SDM3
	1. **Dearbhú**						
	1.1. **Cineál agus téacs**						

1	2	3	4	5	6	7	8
Uimh. eiliminte sonraí	Eilimint sonraí	SDS1	SDS2	SDS3	SDM1	SDM2	SDM3
1.11	***An cineál dearbhaithe***	M	M	M	M	M	M
		D	D	D	D	D	D
1.12	***Cineál an dearbhaithe breise***	M	M	M	M	M	M
		D	D	D	D	D	D
1.13	***Téacs an dearbhaithe***	M	M	M	M	M	M
		D	D	D	D	D	D
	1.2. **Doiciméid**						
1.21	***Uimhir thagartha an doiciméid***	O (1)	O (1)	O (1)	O (1)	O (1)	O (1)
		D	D	D	D	D	D
	2. **Páirtithe**						
	2.1. **Soláthróir**						
2.11	***Ainm***	M	M	M	M	M	M
		D	D	D	D	D	D
2.12	***Uimhir Chéannachta***	M	M	M	M	M	M
		D	D	D	D	D	D
2.13	***An Cineál Duine***	O	O	O	O	O	O
		D	D	D	D	D	D
2.14	***Seoladh***	M	M	M	M	M	M
		D	D	D	D	D	D
2.15	***Duine teagmhála***	O	O	O	O	O	O
		D	D	D	D	D	D
	2.2. **Ionadaí**						
2.21	***Ainm***	O	O	O	O	O	O
		D	D	D	D	D	D
2.22	***Uimhir Chéannachta***	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)
		D	D	D	D	D	D

1	2	3	4	5	6	7	8
Uimh. eiliminte sonraí	Eilimint sonraí	SDS1	SDS2	SDS3	SDM1	SDM2	SDM3
2.23	***An Cineál Duine***	O	O	O	O	O	O
		D	D	D	D	D	D
2.24	***Stádas***	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)
		D	D	D	D	D	D
2.25	***Seoladh***	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)
		D	D	D	D	D	D
2.26	***Duine teagmhála***	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)	O (2)
		D	D	D	D	D	D
	2.3. **Custaiméir**						
2.31	***Ainm***	M	M	M	M	M	M
		D	D	D	D	D	D
2.32	***Uimhir Chéannachta***	O	O	O	O	O	O
		D	D	D	D	D	D
2.33	***An Cineál Duine***	O	O	O	O	O	O
		D	D	D	D	D	D
2.34	***Seoladh***	M	M	M	M	M	M
		D	D	D	D	D	D
2.35	***Duine teagmhála***	O	O	O	O	O	O
		D	D	D	D	D	D
	3. **Dátaí**						
3.01	***Dáta an tarraingthe suas***	M	M	M	M	M	M
		D	D	D	D	D	D
3.02	***Dáta tosaigh***				M	M	M
					D	D	D
3.03	***Dáta deiridh***				M	M	M
					D	D	D
	4. **Custaim**						
4.01	***Údarás custaim***	O	O	O	O	O	O
		D	D	D	D	D	D

1	2	3	4	5	6	7	8
Uimh. eiliminte sonraí	Eilimint sonraí	SDS1	SDS2	SDS3	SDM1	SDM2	SDM3
	5. **Earraí**						
	5.1 **Sainaithint earraí**						
5.11	***Uimhir ítime na n-earraí***	O	O	O	O	O	O
		I	I	I	I	I	I
5.12	***Tuairisc***	M	M	M	M	M	M
		I	I	I	I	I	I
5.13	***Cód tráchtearra***	M	M	M	M	M	M
		I	I	I	I	I	I
5.14	***Luach***	O	M	M (5)	O	M	M (5)
		I	I	I	I	I	I
5.15	***Meáchan***	O	M	M (5)	O	M	M (5)
		I	I	I	I	I	I
	5.2. **Tionscnamh earraí**						
5.21	***Stádas tionscnaimh***	M	M	M	M	M	M
		I (A)	I (A)	I (A)	I (A)	I (A)	I (A)
5.22	***An tír thionscnaimh fhabhraigh***	M		M (3)	M		M (3)
		I (A)		I (A)	I (A)		I (A)
5.23	***Comhaontú fabhrach***	M	O	M (3)	M	O	M (3)
		I (A)	I	I (A)	I (A)	I	I (A)
5.24	***Creat dlíthiúil tionscnaimh***	M	M	M	M	M	M
		I (A)	I	I (A)	I (A)	I	I (A)
5.25	***Critéir thionscnaimh***	M (4)		M (3)(4)	M (4)		M (3)(4)
		I (A)		I (A)	I (A)		I (A)
	6. **Ábhair**						
	6.1. **Ábhair neamh-thionscnaimh**						
6.11	***Tuairisc***		M	M (5)		M	M (5)
			I	I		I	I

1	2	3	4	5	6	7	8
Uimh. eiliminte sonraí	Eilimint sonraí	SDS1	SDS2	SDS3	SDM1	SDM2	SDM3
6.12	***Cód tráchtearra***		M	M (5)		M	M (5)
			I	I		I	I
6.13	***Luach***		M	M (5)		M	M (5)
			I	I		I	I
6.14	***Meáchan***		M	M (5)		M	M (5)
			I	I		I	I
6.15	***Próiseáil***		M	M (5)		M	M (5)
			I	I		I	I
	6.2. **Ábhair thionscnaimh**						
6.21	***An tír thionscnaimh fhabhraigh***		M	M (5)		M	M (5)
			I (B)	I (B)		I (B)	I (B)
6.22	***Comhaontú fabhrach***		M	M (5)		M	M (5)
			I (B)	I (B)		I (B)	I (B)
6.23	***Creat dlíthiúil tionscnaimh***		M	M (5)		M (B)	M (5)
			I (B)	I (B)		I (B)	I (B)
	7. **Eilimintí sonraí eile**						
	7.1. **Carnadh**						
7.11	***Iarratas***	M	M	M	M	M	M
		I (C)	I (C)	I (C)	I (C)	I (C)	I (C)
7.12	***Cineál***	O (6)	O (6)	O (6)	O (6)	O (6)	O (6)
		I (C)	I (C)	I (C)	I (C)	I (C)	I (C)
7.13	***An tír thionscnaimh fhabhraigh***	M (6)	M (6)	M (6)	M (6)	M (6)	M (6)
		I (C)	I (C)	I (C)	I (C)	I (C)	I (C)
7.14	***Comhaontú fabhrach***	M (6)	M (6)	M (6)	M (6)	M (6)	M (6)
		I (C)	I (C)	I (C)	I (C)	I (C)	I (C)

1	2	3	4	5	6	7	8
Uimh. eiliminte sonraí	Eilimint sonraí	SDS1	SDS2	SDS3	SDM1	SDM2	SDM3
	7.2. **Deighilt chuntas-aíochta**						
7.21	***Iarratas***	M		M	M		M
		I (D)		I (D)	I (D)		I (D)
7.22	***Cineál***	M (7)		M (7)	M (7)		M (7)
		I (D)		I (D)	I (D)		I (D)
7.23	***Téacs***	M (7)		M (7)	M (7)		M (7)
		I (D)		I (D)	I (D)		I (D)
7.24	***Comhaontú fabhrach***	M (7)		M (7)	M (7)		M (7)
		I (D)		I (D)	I (D)		I (D)

N ó t a í

Uimhir an nóta	Tuairisc ar an nóta
(1)	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin i gcás nach bhfuil sonraí uile an dearbhaithe soláthraí le fáil i dtacar sonraí nó doiciméad aonair amháin.
(2)	I gcás ina luaitear ainm ionadaí faoi eilimint sonraí 2.21, soláthrófar an fhaisnéis sin.
(3)	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin i ndáil leis na hearraí a bhfuil tionscnamh fabhair acu, a chumhdaítear leis an dearbhú soláthraí.
(4)	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin i gcás ina n-éilítear í leis na rialacha tionscnaimh chun críocha an chomhaontaithe fhabhraigh lena mbaineann.
(5)	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin, i gcás inarb ábhartha, ach amháin i ndáil leis na hearraí nach bhfuil tionscnamh fabhair acu, a chumhdaítear leis an dearbhú soláthraí.
(6)	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin i gcás ina léirítear faoi eilimint sonraí 7.11 gur cuireadh córas deighilte cuntasaíochta i bhfeidhm. Agus, más amhlaidh atá, féadfar an fhaisnéis a luaitear in eilimint sonraí 7.12 a sholáthar.
(7)	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin i gcás ina léirítear faoi eilimint sonraí 7.21 gur cuireadh córas deighilte cuntasaíochta i bhfeidhm.
(A)	I gcás ina gcumhdaítear le dearbhú soláthróra earraí a bhfuil an stádas tionscnaimh céanna acu (eilimint sonraí 5.21) agus, i gcás earraí a bhfuil an tionscnamh fabhair acu, an tír tionscnaimh fabhair chéanna (eilimint sonraí 5.22), faoin gcomhaontú fabhrach céanna (eilimint sonraí 5.23) agus faoin gcreat dlíthiúil tionscnaimh (eilimint sonraí 5.24), féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar ar leibhéal an dearbhaithe (D) agus a fhágáil ar lár ar leibhéal na hítime (I).
(B)	I gcás ina gcumhdaítear le dearbhú soláthraí earraí nach bhfuil tionscnamh fabhair acu, a tháirgtear ó ábhair thionscnaimh a bhfuil an tír tionscnaimh fabhair chéanna acu (eilimint sonraí 6.21), faoin gcomhaontú fabhrach céanna (eilimint sonraí 6.22) agus faoin gcreat dlíthiúil tionscnaimh (eilimint sonraí 6.23), féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar ar leibhéal an dearbhaithe (D) agus a fhágáil ar lár ar leibhéal na hítime (I).

Uimhir an nóta	Tuairisc ar an nóta
(C)	I gcás inar cuireadh carnadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí uile a chumhdaítear le dearbhú soláthraí faoin gcomhaontú fabhrach céanna (eilimint sonraí 7.14), féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar ar leibhéal an dearbhaithe (D) agus a fhágáil ar lár ar leibhéal na hítime (I)
(D)	I gcás inar cuireadh deighilt chuntasaíochta i bhfeidhm maidir leis na hearraí uile a chumhdaítear le dearbhú soláthraí faoin gcomhaontú fabhrach céanna (eilimint sonraí 7.23), féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar ar leibhéal an dearbhaithe (D) agus a fhágáil ar lár ar leibhéal na hítime (I)

TEIDEAL II

FORÁLACHA AGUS CÓID SHONRACHA MAIDIR LE CEANGLAIS SONRAÍ

Réamhrá

Beidh feidhm ag na forálacha sonracha agus ag na cóid shonracha atá sa Teideal seo maidir leis na heilimintí sonraí dá dtagraítear sa tábla ceanglas sonraí i dTeideal I, Caibidil 3, den Iarscríbhinn seo, a mhéid a úsáidtear na heilimintí sonraí sin, toisc go bhfuil siad éigeantach, nó gur roghnaigh an soláthróir iad a úsáid, i gcomhréir leis an tábla sin.

	Grúpa 1 - Dearbhú
1.1	**Cineál agus téacs**
	Is é is aidhm do na heilimintí sonraí thíos faisnéis a sholáthar maidir le cineál agus nádúr an dearbhaithe soláthraí
1.11	***An cineál dearbhaithe***
	Sonraigh cé acu a tharraingítear suas an dearbhú soláthraí le haghaidh coinsíneacht aonair nó le haghaidh ilchoinsíneachtaí. Cuir isteach an cód ábhartha, mar a leanas: **SDS:** dearbhú soláthraí maidir le coinsíneacht aonair **SDM:** dearbhú soláthraí maidir le coinsíneacht iolrach
1.12	***Cineál an dearbhaithe breise***
	Sonraigh cé acu a tharraingítear nó nach dtarraingítear suas an dearbhú soláthraí i gcás earraí de thionscnamh fabhair, nó earraí nach de thionscnamh fabhrach iad, nó earraí a bhfuil tionscnamh fabhair acu agus earraí nach de thionscnamh fabhrach iad. Cuir isteach an cód ábhartha, mar a leanas: 1: earraí de thionscnamh fabhair amháin 2: earraí nach bhfuil tionscnamh fabhair acu, agus na hearraí sin amháin 3: earraí a bhfuil tionscnamh fabhair acu agus earraí nach bhfuil tionscnamh fabhair acu
1.13	***Téacs an dearbhaithe***
	Cuir isteach an ráiteas soláthróra agus na gealltanais seo a leanas: *'Glacaimse, soláthraí na n-earraí a chumhdaítear leis an dearbhú seo, freagracht as cruinneas agus iomláine na faisnéise atá ann maidir le stádas tionscnaimh na n-earraí sin a chinneadh, agus as barántúlacht, cruinneas agus bailíocht aon doiciméid tacaíochta.* *Geallaim go gcuirfidh mé an custaiméir ar soláthraíodh na hearraí sin dó ar an eolas láithreach, i gcás ina raibh an dearbhú sin mícheart nó nach bhfuil sé infheidhme a thuilleadh maidir le cuid de na hearraí lena mbaineann nó maidir leo go léir.* *Geallaim go gcuirfidh mé ar fáil tráth ar bith do na húdaráis chustaim inniúla, arna iarraidh sin dóibh, an dearbhú soláthraí agus aon doiciméid tacaíochta breise a bheadh ag teastáil uathu.'*

	Grúpa 1 - Dearbhú
1.2	**Doiciméid**
1.21	***Uimhir thagartha an doiciméid***
	I gcás nach bhfuil sonraí uile an dearbhaithe soláthraí le fáil i dtacar sonraí aonair amháin nó i ndoiciméad aonair amháin, sonraigh tagairt nó tagairtí an tacair ábhartha nó na dtacar ábhartha nó an doiciméid ábhartha nó na ndoiciméad ábhartha ina bhfuil na sonraí sin.

	Grúpa 2 - Páirtithe
2.1	**Soláthróir**
	Is é is aidhm do na heilimintí sonraí thíos faisnéis a sholáthar faoin soláthróir
2.11	***Ainm***
	Cuir isteach ainm iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, foirm dhlíthiúil an tsoláthróra
2.12	***Uimhir Chéannachta***
	Sonraigh an uimhir lena sainaithnítear an soláthróir, i gcomhréir leis an reachtaíocht de chuid an Aontais atá i bhfeidhm
2.13	***An Cineál Duine***
	Sonraigh an cineál duine atá sa soláthróir, mar a shainmhínítear in Airteagal 5(4) den Chód. Cuir isteach an cód ábhartha, mar a leanas: 1: duine nádúrtha 2: duine dlítheanach 3: comhlachas daoine nach duine dlítheanach é ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlí a dhéanamh.
2.14	***Seoladh***
	Sonraigh seoladh beacht an tsoláthróra (ainm na sráide, uimhir an fhoirgnimh nó na saoráide, faisnéis bosca oifige poist, cód poist, cathair, réigiún nó cúige sonrach, tír)
2.15	***Duine teagmhála***
	Sonraigh ainm, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist duine teagmhála, chun críche cumarsáide
2.2	**Ionadaí**
	Is é is aidhm do na heilimintí sonraí thíos faisnéis a sholáthar, i gcás inarb infheidhme, maidir leis an ionadaí
2.21	***Ainm***
	Cuir isteach ainm iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, foirm dhlíthiúil an ionadaí
2.22	***Uimhir Chéannachta***
	Sonraigh uimhir an ionadaí
2.23	***An Cineál Duine***
	Sonraigh an cineál duine atá san ionadaí, mar a shainmhínítear in Airteagal 5(4) den Chód. Cuir isteach an cód ábhartha, mar a leanas: 1: duine nádúrtha 2: duine dlítheanach 3: comhlachas daoine nach duine dlítheanach é ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlí a dhéanamh.

	Grúpa 2 - Páirtithe
2.24	***Stádas***
	Sonraigh stádas an ionadaí. I gcás ina bhfuil an ionadaíocht indíreach, luafar sa dearbhú soláthraí an duine céanna mar ionadaí agus mar sholáthróir, cé go ngníomhaíonn an soláthraí sin, mar ionadaí, thar ceann daoine eile. Cuir isteach an cód ábhartha, mar a leanas: 1. Ionadaí (ionadaíocht dhíreach de réir bhrí Airteagal 18(1) den Chód) 2. Ionadaí (ionadaíocht indíreach de réir bhrí Airteagal 18(1) den Chód).
2.25	***Seoladh***
	Sonraigh seoladh beacht an ionadaí (ainm na sráide, uimhir an fhoirgnimh nó na saoráide, faisnéis bosca oifige poist, cód poist, cathair, réigiún nó cúige sonrach, tír)
2.26	***Duine teagmhála***
	Sonraigh ainm, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist duine teagmhála, chun críche cumarsáide
2.3	**Custaiméir**
	Is é is aidhm do na heilimintí sonraí thíos faisnéis a chur ar fáil faoin gcustaiméir
2.31	***Ainm***
	Cuir isteach ainm iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, foirm dhlíthiúil an chustaiméara
2.32	***Uimhir Chéannachta***
	Sonraigh uimhir an chustaiméara
2.33	***An Cineál Duine***
	Sonraigh an cineál duine atá sa chustaiméir, mar a shainmhínítear in Airteagal 5(4) den Chód. Cuir isteach an cód ábhartha, mar a leanas: 1: duine nádúrtha 2: duine dlítheanach 3: comhlachas daoine nach duine dlítheanach é ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlí a dhéanamh.
2.34	***Seoladh***
	Sonraigh seoladh ábhartha an chustaiméara.
2.35	***Duine teagmhála***
	Sonraigh ainm, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist duine teagmhála, chun críche cumarsáide

	Grúpa 3 - Dátaí
3.01	***Dáta an tarraingthe suas***
	Sonraigh an dáta a tharraingítear suas an dearbhú soláthraí.
3.02	***Dáta tosaigh***
	Sonraigh dáta tosaithe thréimhse bhailíochta an dearbhaithe soláthraí, ar tréimhse í nach bhféadfaidh a bheith níos faide ná 12 mhí roimh an dáta eisiúna nó nach bhféadfaidh a bheith níos faide ná 6 mhí tar éis dháta an tarraingthe suas.

	Grúpa 3 - Dátaí
3.03	***Dáta deiridh***
	Sonraigh dáta deiridh thréimhse bhailíochta an dearbhaithe soláthraí, ar dáta é nach bhféadfaidh a bheith níos déanaí ná 24 mhí tar éis an dáta tosaigh.

	Grúpa 4 - Custaim
4.01	***Údarás custaim***
	Sonraigh an t-údarás custaim atá freagrach as an dearbhú soláthraí a fhíorú

	Grúpa 5 - Earraí
5.1	**Sainaithint earraí**
	Is é is aidhm do na heilimintí sonraí thíos na hearraí a chumhdaítear leis an dearbhú soláthraí a shainaithint
5.11	***Uimhir ítime na n-earraí***
	Uimhir ítime arna sannadh ag an soláthróir do na hearraí, i gcás ina gcumhdaítear níos mó ná ítim earraí amháin leis an dearbhú soláthraí. Féadfaidh an soláthróir, ina theannta sin agus arna iarraidh sin don chustaiméir, an uimhir ítime a shann an custaiméir do na hearraí a léiriú.
5.12	***Tuairisc***
	Tabhair tuairisc i dteanga shoiléir ar na hearraí, agus í beacht go leor chun gur féidir iad a shainaithint, agus ar na rialacha tionscnaimh a cuireadh i bhfeidhm chun a stádas tionscnaimh a chinneadh.
5.13	***Cód tráchtearra***
	Sonraigh ar an leibhéal CC nó AC iomchuí, arna iarraidh sin don chustaiméir agus i gcás inar gá chun an tuairisc ar na hearraí a chomhlánú (eilimint sonraí 5.12), an chóduimhir tráchtearra a chomhfhreagraíonn do na hearraí atá i gceist.
5.14	***Luach***
	Sonraigh luach na n-earraí nach bhfuil tionscnamh fabhair acu a chumhdaítear leis an dearbhú soláthraí, in aghaidh an aonaid, i gcás inarb ábhartha chun tionscnamh fabhair a fháil ó tháirgí atá le fáil ina dhiaidh sin ó na hearraí sin. Ciallaíonn 'luach' praghas na n-earraí díreach ón monarcha, nó, murab eol sin agus nach féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhíoraithe a íocadh as na hearraí san Aontas.
5.15	***Meáchan***
	Sonraigh meáchan na n-earraí nach bhfuil tionscnamh fabhair acu a chumhdaítear leis an dearbhú soláthraí, in aghaidh an aonaid, i gcás inarb ábhartha chun tionscnamh fabhair a fháil ó tháirgí atá le fáil ina dhiaidh sin ó na hearraí sin. Ciallaíonn 'meáchan' glanmhais na n-earraí.
5.2	**Tionscnamh earraí**
	Is é is aidhm do na heilimintí sonraí thíos faisnéis a sholáthar maidir le stádas tionscnaimh na n-earraí a chumhdaítear leis an dearbhú soláthraí

	Grúpa 5 - Earraí
5.21	***Stádas tionscnaimh***
	Sonraigh stádas tionscnaimh na n-earraí i gcomhréir lena shainmhíniú in Airteagal 60(5) den Rialachán seo. Féach freisin Nóta (A) maidir leis an tábla ceanglas sonraí. Cuir isteach an cód ábhartha, mar a leanas: 1: earraí de thionscnamh fabhair 2: earraí nach bhfuil tionscnamh fabhair acu 9: i gcás inarb ábhartha, earraí nach gcumhdaítear (e.g. earraí a liostaítear i ndoiciméad a úsáidtear chun an dearbhú a tharraingt suas ach nach gcumhdaítear leis)
5.22	***An tír thionscnaimh fhabhraigh***
	Sonraigh an tAontas nó tír nó réigiún/grúpa tíortha tionscnaimh fhabhraigh na n-earraí. Cuir isteach cód ábhartha an Aontais don Aontas nó don tír nó réigiún/grúpa tíortha lena mbaineann. I gcás ina bhfuil tionscnamh fabhair faighte ag na hearraí i roinnt tíortha nó réigiún/grúpaí tíortha, féadfar na cóid ábhartha le haghaidh na dtíortha tionscnaimh fabhair uile lena mbaineann a chur isteach sa dearbhú soláthraí.
5.23	***Comhaontú fabhrach***
	Sonraigh an tír nó an réigiún/grúpa tíortha lena bhfuil an comhaontú fabhrach ag an Aontas faoinar cinneadh tionscnamh fabhair na n-earraí Cuir isteach cód ábhartha an Aontais le haghaidh na tíre nó an réigiúin/an ghrúpa tíortha lena mbaineann. Nuair is féidir tionscnamh fabhair na n-earraí a chinneadh i gcomhthéacs níos mó ná comhaontú fabhrach amháin le tír nó le réigiún/grúpa tíortha, sonraigh an comhaontú fabhrach lena mbaineann. I gcás ina bhfaightear tionscnamh fabhair na tíre sin nó réigiúin/grúpa tíortha faoi níos mó ná ceann amháin de na comhaontuithe sin, féadfar na comhaontuithe sin go léir a léiriú sa dearbhú soláthraí.
5.24	***Creat dlíthiúil tionscnaimh***
	Nuair is féidir tionscnamh fabhair na n-earraí a chinneadh i gcomhthéacs comhaontaithe fhabhraigh le tír nó le réigiún/grúpa tíortha, faoi níos mó ná sraith amháin rialacha fabhracha tionscnaimh, sonraigh an creat dlíthiúil, nó na creataí a úsáideadh chun an tionscnamh fabhair a chinneadh. I gcás ina bhfuil an tír nó an réigiún/grúpa tíortha ina Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara), is é an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara agus/nó rialacha tionscnaimh idirthréimhseacha PEM an creat dlíthiúil, nó na creataí dlíthiúla chun iad a léiriú. Cuir isteach na cóid ábhartha, mar a leanas: 1: An Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara 2: Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh an Choinbhinsiúin réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara 3: An Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara agus rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh ('tréscaoilteacht an Choinbhinsiúin réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara') I gcás nach sonraítear aon chreat dlíthiúil, measfar, mar réamhshocrú, go léirítear leis an dearbhú soláthraí gur úsáideadh an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhair Uile-Eora-Mheánmhara chun tionscnamh fabhair na n-earraí a chinneadh.
5.25	***Critéir thionscnaimh***
	Sonraigh na critéir a comhlíonadh chun a mheas go bhfuil tionscnamh fabhair ag na hearraí. Cuir isteach na cóid ábhartha, a eascraíonn as na rialacha tionscnaimh le haghaidh an chomhaontaithe fhabhraigh lena mbaineann.

	Grúpa 6 - Ábhair
6.1	**Ábhair neamhthionscnaimh**
	Is é is aidhm do na heilimintí sonraí thíos faisnéis a sholáthar maidir le gach cineál ábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear i dtáirgeadh na n-earraí neamhthionscnaimh a chumhdaítear leis an dearbhú soláthraí.

	Grúpa 6 - Ábhair
6.11	***Tuairisc***
	Tabhair tuairisc i dteanga shoiléir ar gach cineál ábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh chun na hearraí neamhthionscnaimh a tháirgeadh, agus beidh an tuairisc sin beacht go leor chun gur féidir iad a shainaithint agus a idirdhealú.
6.12	***Cód tráchtearra***
	Sonraigh, i gcás inarb ábhartha chun stádas tionscnaimh na n-earraí a chinneadh, an cód tráchtearra a chomhfhreagraíonn do gach cineál ábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh chun na hearraí neamhthionscnaimh a tháirgeadh. Cuir isteach cód ceannteidil an Chórais Chomhchuibhithe (CC) nó, i gcás inarb ábhartha, cód fo-cheannteidil CC nó cód Ainmníochta Comhcheangailte (AC) na n-ábhar.
6.13	***Luach***
	Sonraigh, i gcás inarb ábhartha chun stádas tionscnaimh na n-earraí a chinneadh, luach beacht gach cineáil ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh, in aghaidh an aonaid d'earraí neamhthionscnaimh. Ciallaíonn 'luach' an luach custaim tráth a allmhairítear na hábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear, nó, murab eol sin agus nach féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhíoraithe a íocadh as na hábhair san Aontas.
6.14	***Meáchan***
	Sonraigh, i gcás inarb ábhartha chun stádas tionscnaimh na n-earraí a chinneadh, meáchan gach cineáil ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh, in aghaidh an aonaid d'earraí neamhthionscnaimh. Ciallaíonn 'meáchan' [glanmhais] na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear.
6.15	***Próiseáil***
	Sonraigh, i gcás inarb ábhartha chun stádas tionscnaimh na n-earraí a chinneadh, na hoibríochtaí oibrithe nó próiseála a rinneadh ar gach cineál ábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh.
6.2	**Ábhair thionscnaimh**
	Is é is aidhm do na heilimintí sonraí thíos tionscnamh fabhair na n-ábhar uile a úsáidtear i dtáirgeadh na n-earraí neamhthionscnaimh a dheimhniú agus a shainaithint, i gcás inarb iomchuí, seachas na hábhair neamhthionscnaimh a shainaithnítear faoi eilimint sonraí 6.10. Féach freisin Nóta (B) maidir leis an tábla ceanglas sonraí.
6.21	***An tír thionscnaimh fhabhraigh***
	Sonraigh an tAontas nó tír nó réigiún/grúpa tíortha tionscnaimh fhabhraigh na n-ábhar. Cuir isteach cód ábhartha an Aontais don Aontas nó don tír nó réigiún/grúpa tíortha lena mbaineann. I gcás ina bhfuil tionscnamh fabhair faighte ag na hábhair i roinnt tíortha nó réigiún/grúpaí tíortha, féadfar na córid ábhartha a iontráil le haghaidh na dtíortha tionscnaimh fhabhraigh uile lena mbaineann.
6.22	***Comhaontú fabhrach***
	Sonraigh an tír nó an réigiún/grúpa tíortha lena bhfuil an comhaontú fabhrach ag an Aontas faoinar cinneadh tionscnamh fabhair na n-ábhar. Cuir isteach cód ábhartha an Aontais le haghaidh na tíre nó an réigiúin/an ghrúpa tíortha lena mbaineann. Nuair is féidir tionscnamh fabhair na n-ábhar a chinneadh i gcomhthéacs níos mó ná comhaontú fabhrach amháin le tír nó le réigiún/grúpa tíortha, sonraigh an comhaontú fabhrach lena mbaineann. I gcás ina bhfaightear tionscnamh fabhair na tíre sin nó réigiúin/grúpa tíortha faoi níos mó ná ceann amháin de na comhaontuithe sin, féadfar na comhaontuithe sin go léir a léiriú sa dearbhú soláthraí.

	Grúpa 6 - Ábhair
6.23	***Creat dlíthiúil tionscnaimh***
	Nuair is féidir tionscnamh fabhair na n-earraí a chinneadh i gcomhthéacs comhaontaithe fhabhraigh le tír nó le réigiún/grúpa tíortha, faoi níos mó ná sraith amháin rialacha fabhracha tionscnaimh, sonraigh an creat dlíthiúil, nó na creataí a úsáideadh chun an tionscnamh fabhair a chinneadh. I gcás inar Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara í an tír nó an réigiún/grúpa tíortha, is iad an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara agus/nó rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh an Choinbhinsiún réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an creat dlíthiúil, nó na creataí dlíthiúla chun iad a léiriú. I gcás nach sonraítear aon chreat dlíthiúil, measfar, mar réamhshocrú, go léirítear leis an dearbhú soláthraí gur úsáideadh an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhair Uile-Eora-Mheánmhara chun tionscnamh fabhair na n-earraí a chinneadh.

	Grúpa 7 – Eilimintí sonraí eile
7.1	**Carnadh**
	Is é is aidhm do na heilimintí sonraí thíos faisnéis a sholáthar maidir le cé acu a cuireadh nó nár cuireadh córas carntha i bhfeidhm, cén cineál córais agus cé na hábhair lenar cuireadh i bhfeidhm é
7.11	***Iarratas***
	Sonraigh cé acu a cuireadh nó nár cuireadh córas carntha tionscnaimh i bhfeidhm maidir leis na hearraí. Cuir isteach an cód ábhartha, mar a leanas: 1: carnadh curtha i bhfeidhm 2: ní chuirtear aon charnadh i bhfeidhm
7.12	***Cineál***
	Sonraigh, i gcás inar cuireadh carnadh i bhfeidhm, an cineál carntha a cuireadh i bhfeidhm.
7.13	***An tír thionscnaimh fhabhraigh***
	Sonraigh an tAontas nó tír nó réigiún/grúpa tíortha tionscnaimh fhabhraigh na n-ábhar. Cuir isteach cód ábhartha an Aontais don Aontas nó don tír nó réigiún/grúpa tíortha lena mbaineann.
7.14	***Comhaontú fabhrach***
	Sonraigh an tír nó an réigiún/grúpa tíortha lena bhfuil an comhaontú fabhrach ag an Aontas faoinar cinneadh tionscnamh fabhair na n-ábhar Cuir isteach cód ábhartha an Aontais le haghaidh na tíre nó an réigiúin/an ghrúpa tíortha lena mbaineann. Nuair is féidir tionscnamh fabhair na n-ábhar a chinneadh i gcomhthéacs níos mó ná comhaontú fabhrach amháin le tír nó le réigiún/grúpa tíortha, sonraigh na comhaontuithe fabhracha lena mbaineann.
7.2	**Deighilt chuntasaíochta**
	Is é is aidhm do na heilimintí sonraí thíos faisnéis a chur ar fáil don chustaiméir maidir le cé acu a cuireadh nó nár cuireadh córas deighilte cuntasaíochta i bhfeidhm ar ábhair idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh, a bhí i stóras coiteann ach nár próiseáladh sula soláthraítear na hearraí don chustaiméir
7.21	***Iarratas***
	Sonraigh cé acu a cuireadh nó nár cuireadh córas deighilte cuntasaíochta i bhfeidhm maidir le hábhair, i gcás ina raibh na hábhair sin i stóras coiteann ach nár próiseáladh iad sular soláthraíodh na hearraí don chustaiméir, agus sa chás sin amháin.

	Grúpa 7 – Eilimintí sonraí eile
7.22	***Téacs***
	I gcás inar cuireadh córas deighilte cuntasaíochta i bhfeidhm mar a thuairiscítear san fhoráil shonrach maidir le heilimint sonraí 7.21, cuir isteach an téacs seo a leanas: *'Ábhair thionscnaimh arna stóráil trí úsáid a bhaint as deighilt chuntasaíochta. Ní choinnítear an tionscnamh fabhair ar bun ach amháin má dhéantar tuilleadh próiseála ar na hábhair sula n-onnmhairítear iad.'*
7.23	***Comhaontú fabhrach***
	I gcás inar cuireadh córas deighilte cuntasaíochta i bhfeidhm mar a thuairiscítear san fhoráil shonrach maidir le heilimint sonraí 7.21, sonraigh an tír nó an réigiún/grúpa tíortha lena bhfuil an comhaontú fabhrach ag an Aontas faoinar cuireadh deighilt chuntasaíochta i bhfeidhm. Cuir isteach cód ábhartha an Aontais le haghaidh na tíre nó an réigiúin/an ghrúpa tíortha lena mbaineann. I gcás inar cuireadh deighilt chuntasaíochta i bhfeidhm i gcomhthéacs níos mó ná comhaontú fabhrach amháin le tír nó le réigiún/grúpa tíortha, sonraigh na comhaontuithe fabhracha lena mbaineann.'.

IARSCRÍBHINN V

'IARSCRÍBHINN 22-20

Ceanglais maidir le ráitis athsholáthair maidir le tionscnamh a tharraingt suas

Sonraítear san Iarscríbhinn seo na ceanglais atá ar onnmhaireoirí cláraithe nó ar athchoinsíneoirí cláraithe san Aontas ráitis athsholáthair maidir le tionscnamh a tharraingt suas, i gcomhréir le hAirteagal 69(2) nó le hAirteagal 101 den Rialachán seo.

I. Ceanglais a bhaineann leis an ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh

1. Déanfar an ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh a mharcáil leis an tásc seo a leanas i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh:

An leagan Bulgáirise:

Заместващо изявление за произход

An leagan Spáinnise:

Comunicación sobre el origen sustitutiva

An leagan Seicise:

Náhradní deklarace o původu

An leagan Danmhairgise:

Erstatningsudtalelse om oprindelse

An leagan Gearmáinise:

Ersatzerklärung zum Ursprung

An leagan Eastóinise:

Asenduspäritolukinnitus

An leagan Gréigise:

βεβαίωση καταγωγής αντικατάστασης

An leagan Béarla:

Replacement statement on origin

An leagan Fraincise:

Attestation d'origine de remplacement

An leagan Gaeilge:

Ráiteas ionaid maidir le tionscnamh

An leagan Cróitise:

Zamjenska tvrdnja o podrijetlu

An leagan Iodáilise:

Attestazione di origine sostitutiva

An leagan Laitvise:

Aizstājējpaziņojums par izcelsmi

An leagan Liotuáinise:

Pakaitinis pareiškimas apie prekių kilmę

An leagan Ungáirise:

Helyettesítő származásmegjelölő nyilatkozat

An leagan Máltaise:

Dikjarazzjoni ta' sostituzzjoni dwar l-oriġini

An leagan Ollainnise:

Vervangend attest van oorsprong

An leagan Polainnise:

Zastępcze oświadczenie o pochodzeniu

An leagan Portaingéilise:

Atestado de origem de substituição

An leagan Rómáinise:

Atestat de origine înlocuitor

An leagan Slóvaicise:

Náhradné potvrdenie o pôvode

An leagan Slóivéinise:

Nadomestna izjava o poreklu

An leagan Fionlainnise:

Korvaava alkuperävakuutus

An leagan Sualainnise:

Ersättningsförsäkran om ursprung

2. Léireoidh an t-onnmhaireoir nó an t-athchoinsíneoir an fhaisnéis seo a leanas sa ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh:

   (a) sonraí uile na dtáirgí a chumhdaítear leis an ráiteas athsholáthair maidir le tionscnamh, ar sonraí iad atá sa doiciméad tosaigh maidir le tionscnamh, lena n-áirítear faisnéis faoi charnadh nó maolú a chuirtear i bhfeidhm ar na táirgí sin, i gcás inarb iomchuí;

   (b) an dáta a tarraingíodh suas an ráiteas maidir le tionscnamh ar cuireadh ráiteas eile ina ionad;

   (c) a ainm, a sheoladh agus a uimhir REX;

   (d) ainm agus seoladh an choinsíní, san Aontas i gcás inarb ábhartha, nó san Iorua nó san Eilvéis, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 101;

   (e) dáta agus áit an ionadaithe.

II. Ceanglais a bhaineann leis an doiciméad ar cuireadh doiciméad eile ina ionad maidir le tionscnamh

1. Marcálfar an ráiteas maidir le tionscnamh arna ionadú leis an tásc seo a leanas i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh:

An leagan Bulgáirise:

Заместено

An leagan Spáinnise:

Sustituida

An leagan Seicise:

Nahrazená

An leagan Danmhairgise:

Erstattet

An leagan Gearmáinise:

Ersetzt

An leagan Eastóinise:

Asendatud

An leagan Gréigise:

Αντικαταστάθηκε

An leagan Béarla:

Replaced

An leagan Fraincise:

Remplacée

An leagan Gaeilge:

Ar cuireadh rud eile ina ionad

An leagan Cróitise:

Zamijenjena

An leagan Iodáilise:

Sostituita

An leagan Laitvise:

Aizstāts

An leagan Liotuáinise:

Pakeista

An leagan Ungáirise:

Helyettesítve

An leagan Máltaise:

Sostitwita

An leagan Ollainnise:

Vervangen

An leagan Polainnise:

Zastąpione

An leagan Portaingéilise:

Substituída

An leagan Rómáinise:

Înlocuit

An leagan Slóvaicise:

Nahradené

An leagan Slóivéinise:

Nadomeščen

An leagan Fionlainnise:

Korvattu

An leagan Sualainnise:

Ersatt

2. Léireoidh an t-onnmhaireoir nó an t-athchoinsíneoir an fhaisnéis seo a leanas sa ráiteas maidir le tionscnamh arna ionadú:

(a) na tagairtí don ráiteas (do na ráitis) athsholáthair maidir le tionscnamh;

(b) a ainm, a sheoladh agus a uimhir REX;

(c) ainm agus seoladh choinsíní nó choinsínithe na dtáirgí a chumhdaítear leis an ráiteas (na ráitis) athsholáthair maidir le tionscnamh, san Aontas i gcás inarb ábhartha, nó san Iorua nó san Eilvéis, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 101.'.